BORD OIDEACHAIS
AGUS OILIÚNA CHIARRAÍ

KERRY EDUCATION
AND TRAINING BOARD

# Bord Oideachais ⁊ Oiliúna Chiarraí

## TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

2018

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union
EUROPEAN UNION
Investing in your future
European Social Fund
Rialtas na hÉireann
Government of Ireland
QQI AWARD

BORD OIDEACHAIS
AGUS OILIÚNA CHIARRAÍ

KERRY EDUCATION
AND TRAINING BOARD

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union
EUROPEAN UNION
Investing in your future
European Social Fund
Rialtas na hÉireann
Government of Ireland
QQI AWARD

# Clár Ábhair

*An Cathaoirleach* 1
*An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin* 2

CUID 1 3
*Ráiteas Misin Boo Chiarraí* 4
*Croíluachanna BOO Chiarraí* 4

CUID 2 5
*Ráiteas faoi na Seirbhísí – An Stiúrthóir Scoileanna, Óige agus Ceoil* 6

CUID 3 15
*Ráiteas faoi Sheirbhísí – An Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna* 16

CUID 4 33
*Tacaíocht 7 Forbairt Eagraíochta (OS&D)* 34

CUID 5 51
*Rialachas Corparáide agus Cúrsaí Airgeadais* 52

# *Fáilte agus Réamhrá*



# An Cathaoirleach

I mo Chathaoirleach ar BOO Chiarraí dom, is mór an chúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil BOO Chiarraí a chur i láthair. Is í seo an cúigiú Tuarascáil Bhliantúil ó cuireadh BOO Chiarraí ar bun agus an chéad tuarascáil ó seoladh an Cód Rialachais Nua maidir le Boird Oideachais agus Oiliúna i gCiorclán 0002/2019.

Leagtar de chúram ar BOO Chiarraí tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais a chur i dtoll a chéile agus measann an Bord, bunaithe ar an eolas atá ar fáil ag an mBord, gur léiriú cóir na ráitis airgeadais ar ioncam agus ar chaiteacha an Bhoird agus ar ghnóthaí an Bhoird.

Foilsíodh Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018 -2022 i mí Márta. Leagtar amach naoi gcinn de Spriocanna Straitéiseacha, mar seo a leanas, sa Ráiteas Straitéise:

Sprioc 1: Cláir atá Aitheanta agus ar Cháilíocht Dhearbhaithe ar Leibhéal Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

Sprioc 2: Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán

Sprioc 3: Bearta Nuálacha Oideachais agus Oiliúna

Sprioc 4: Rochtain agus Dul Chun Cinn

Sprioc 5: Comhpháirtíochtaí Bisiúla a Fhorbairt

Sprioc 6: Rannpháirtíocht Geallsealbhóirí

Sprioc 7: Éifeachtacht agus Cuntasacht i gcúrsaí Rialachais agus Ceannaireachta

Sprioc 8: Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid

Sprioc 9: An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú

Is mian liom an deis seo a thapú buíochas a ghlacadh le comhaltaí boird BOO Chiarraí, le comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, le comhalta an Choiste Airgeadais agus leis na Boird Bainistíochta as a ndúthracht i mbun obair BOO Chiarraí a chur chun cinn.

Ba mhaith liom an dua agus an díograis a chaitheann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, na Stiúrthóirí agus baill uile fhoireann BOO Chiarraí lena gcúram a chur i gcrích ar shárchaighdeán ar fud an Chontae a thréaslú leo.

**An Comh. Jim Finucane**
**Cathaoirleach**





# An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Tugtar tuairisc chuimsitheach ar obair BOO Chiarraí i rith na bliana 2018 i dTuarascáil Bhliantúil BOO Chiarraí 2018 lena mbaineann na ráitis airgeadais agus tráchtaireacht ina leith. Tá de rún leis an tuarascáil bhliantúil eolas ar an mbeartaíocht agus ar an ngnóthachtáil ó thaobh cúrsaí airgeadais a chur ar fáil do gheallsealbhóirí uile an Bhoird.

Mar chuid de struchtúr eagrúcháin BOO Chiarraí, tá sraith de bhainisteoirí sinsearacha, faoi leibhéal an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, i dtrí cinn de réimsí stiúrthóireachta: Scoileanna, Daoine Óga agus Ceol, Breisoideachas agus Oiliúint (FET) agus Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (OS&D). Cuidíonn an córas bainistíochta seo leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin maidir le déanamh na bhfeidhmeanna chomh maith le tairbhe a dhéanamh i ndáil leis an gcuspóir ghinearálta maidir le bainistíocht éifeachtúil a dhéanamh ar fheidhmeanna BOO Chiarraí i gcomhréir lena n-éilítear faoi Chód Rialachais na mBord Oideachais agus Oiliúna (Ciorclán 0002/2019). Fágann an tsraith shinsearach bainistíochta gur féidir leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin róil agus bearta oibre a leagan go foirmeálta ar an stiúrthóireacht d'fhonn bainistíocht éifeachtúil a thabhairt i gcrích i ndáil lena n-éilítear ar an eagraíocht agus d'fhonn dea-ghnáis rialachais a thabhairt chun tosaigh agus a chur i bhfeidhm.

Déantar freagracht phoiblí BOO Chiarraí a chur in iúl le foilsiú na tuarascála bliantúla. Is é atá de chuspóir leis na ráitis airgeadais eolas faoi fheidhmíocht airgeadais, faoi riocht airgeadais agus faoi shreabhadh airgid BOO Chiarraí a chur ar fáil ar bhealach atá oiriúnach ag réimse leathan geallsealbhóirí maidir le cinntí eacnamaíochta a dhéanamh.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú buíochas a chur in iúl don Chathaoirleach, do Chomhaltaí an Bhoird, don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, don Choiste Airgeadais agus do chomhaltaí na mBord Bainistíochta. Is mian liom buíochas a ghlacadh freisin leis na Stiúrthóirí uile agus le gach duine d'fhoireann BOO Chiarraí as a gcuid díograise agus dúthrachta i rith na bliana 2018. Ba mhaith liom freisin an fónamh a rinne daoine den fhoireann a chuaigh ar scor i rith na bliana 2018 a thréaslú leo agus gach rath a ghuí orthu sa saol nua atá rompu.

**Colm Mc Evoy**
**Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin**

CUID 1

# Ráiteas Misin agus Croíluachanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí

# *Ráiteas Misin BOO Chiarraí*

To create and promote the development of a lifelong learning society
Sochaí foghlama fad saoil a chruthú agus a fhorbairt i gCiarraí, ionas go mbeidh teacht ag an uile dhuine atá ina gcónaí ansin ar an oideachas agus ar an oiliúint atá riachtanach chun a lánacmhainneacht a bhaint amach agus chun freastal ar a riachtanais phearsanta, shóisialta, chultúrtha, eacnamaíocha agus shibhialta

# *Croíluachanna BOO Chiarraí*

Tá ár mbunluachanna dírithe ar a chinntiú go bhfuil ceart ag an uile dhuine teacht ar dheiseanna oideachais agus oiliúna chun a n-acmhainneacht a bhaint amach. Is ionann na luachanna seo agus Meas, Caighdeán, Cuimsiú, Comhionannas agus Foghlaim



CUID 2

# Ráiteas faoi na Seirbhísí – An Stiúrthóir Scoileanna, Óige agus Ceoil

# *Ráiteas faoi na Seirbhísí – An Stiúrthóir Scoileanna, Óige agus Ceoil*

## Scoileanna Iarbhunscolaíochta, Obair Óige agus Forbairt an Cheoil

### Scoileanna Iarbhunscolaíochta

Tagann ocht gcinn de scoileanna iarbhunscolaíochta faoi choimirce BOO Chiarraí

- Coláiste Pobail Oileán Chiarraí
- Scoil Chuimsitheach an Tóchair
- Coláiste Gleann Lí
- Coláiste na Ríochta
- Coláiste na Sceilge
- Gaelcholáiste Chiarraí
- Coláiste Pobail Chill Airne
- Coláiste Pobail Chill Orglan

**Líon iomlán na ndaltaí iarbhunscoile ar na rollaí 2018/19: 2,382**

### Scoileanna Comhpháirtíochta

- Pobalscoil Inbhear Scéine
- Pobalscoil Chorca Dhuibhne
- Scoil Phobail Sliabh Luachra
- Scoil Chuimsitheach Thairbirt

### Scoileanna Bunscolaíochta

- Osclaíodh Pobalscoil Náisiúnta an Dá Mhíle i mí Meán Fómhair 2017.

**Líon iomlán na ndaltaí ar na rollaí 2018/2019: 25**

## An Clár maidir le Forbairt na Scoileanna agus Saibhriú na Foghlama (DSEL):

Leanadh de chlár cuimsitheach bliantúil oibre maidir le tacaíocht do scoileanna agus oiliúint inseirbhíse a chur ar fáil faoi chlár DSEL BOO Chiarraí agus béim ar:

- An tSraith Shóisearach nua a chur i bhfeidhm.
- Forbairt Ceannaireachta do Phríomhoidí, do Leas-Phríomhoidí agus don lucht meánbhainistíochta lena ngabhann cúnamh tráthrialta gach mí maidir le machnamh ar na modhanna oibre a chleachtaítear.
- Clár bliana d'Oiliúint maidir le Ceannaireacht Teagaisc ar mhúinteoirí dírithe ar straitéisí teagaisc bunaithe ar fhianaise chun feabhas a chur ar an teagasc, ar an bhfoghlaim agus ar an measúnóireacht.
- Comhlachas Cleachtais (CoPnna) i ndáil le réimsí ábhair: Ealaín, Eacnamaíocht Bhaile, Gaeilge, Matamaitic, Eolaíocht, Stair, Tíreolaíocht, Gairmthreoir, Corpoideachas & SEN.
- Tionscnamh Pleanála do na Rannóga Ábhair i gcomhpháirtíocht le PDST le béim ar straitéisí teagaisc agus ICT.
- Eagraíodh Oiliúint ar mhúinteoirí agus ar lucht bainistíochta na scoileanna maidir le hAthchothú Dea-iompair.

- Cuireadh oiliúint ICT ar fáil maidir le Microsoft 365 a úsáid chun bonn treise a chur faoin Teagasc, faoin bhFoghlaim agus faoin Measúnóireacht chomh maith le bainistíocht ar cháipéisí ag múinteoirí, daltaí agus lucht bainistíochta na scoileanna.
- Eagraíodh Oiliúint maidir le cúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta do lucht bainistíochta na scoileanna agus don fhoireann.
- Eagraíodh Forbairt SNA agus cúrsaí inseirbhíse.
- Eagraíodh Oiliúint do Chomhairlí nó d'Fhóraim na dTuismitheoirí.
- Eagraíodh Oiliúint do Chomhairlí nó d'Fhóraim na nDaltaí.
- Eagraíodh Oiliúint do Bhoird Bainistíochta.
- Cúrsa oiliúna trí lá do Mheithle Tacaíochta na nDaltaí le cúnamh seachtrach agus obair mhachnaimh iarchúraim á chur ar fáil ag gníomhaireachtaí comhpháirtíochta e.g. CAMHS, an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) agus JIGSAW.

Cuireadh bonn treise faoi na tionscnaimh sin thuas ar fad trí chomhar straitéiseach idir BOO Chiarraí agus na seirbhísí taca seo a leanas: an Roinn Oideachais agus Scileanna (DoES), an Fhoireann Tacaíochta maidir le Forbairt Ghairmiúil (PDST), Foireann na Sraithe Sóisearaí do Scoileanna (JCT), an tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta (NCSE), an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta (SESS), an Clár um Oideachas Sóisialta agus Sláinte (SHEP), CAMHS, NEPS, JIGSAW agus an Lárionad Ceannaireachta Scoile (CSL).

D'eagraigh BOO Chiarraí searmanas bliantúil Ghradaim na nDaltaí d'fhonn éachtaí léinn agus bearta seach-churaclaim na ndaltaí i ngach ceann de na scoileanna a thréaslú leo. Tháinig níos mó ná 250 duine i láthair ag an ócáid a bhíonn ar bun i mí Eanáir agus a eagraíodh i mbliana san Institiúid Teicneolaíochta, páirtnéir oideachais príomhthábhachta de chuid an BOO. Bronnadh gradam ar 76 dalta sa bhliain 2018.

## Beartaíocht maidir leis na scoileanna 2018/19

### SPRIOC 1
### CLÁIR ATÁ AITHEANTA AGUS AR CHÁILÍOCHT DHEARBHAITHE AR LEIBHÉAL NÁISIÚNTA AGUS IDIRNÁISIÚNTA

- Tugadh tús áite le linn chúrsaí inseirbhíse sna scoileanna agus maidir le gach gné den phleanáil do Chreat Sárchaighdeáin na Roinne Oideachais agus Scileanna Ag Féachaint ar Ár Scoil (LAOS)
- Cuireadh Lá Foghlama ar siúl an 3 Deireadh Fómhair le béim ar LAOS. Eagraíodh an lá sin san INEC i gCill Airne agus tháinig 330 i láthair, idir cheannairí scoile, múinteoirí agus cúntóirí SNA.
- Baineadh leas as an gCreat LAOS i ndáil le gach agallamh maidir le hearcaíocht nó le hardú céime.
- Cuireadh oiliúint maidir le Pleanáil Ábhair ar fáil do Chomhordaitheoirí Ábhair; Tíreolaíocht, Stair, Gnó, Eacnamaíocht Bhaile, SPHE, Reiligiún chomh maith le Ranna na Gaeilge, an Bhéarla, na Matamaitice agus na hEolaíochta
- Chuir Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí tacaíocht iarchúraim ar fáil, freastal ar Chruinnithe Pleanála maidir le hÁbhair faoi leith san áireamh. Tugadh tuairisc ar na cora ba dheireanaí faoin Tionscnamh maidir le Pleanáil Ranna Ábhair ag gach cruinniú de chuid na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí.
- Cuireadh clár inseirbhíse Forbairt na Scoileanna agus Saibhriú na Foghlama DSEL i bhfeidhm, bunaithe ar LAOS, i gcomhar le PDST.
- Cuireadh ábhar ar fáil do na scoileanna maidir leis an bPróiseas Cigireachta agus rinneadh obair ullmhúcháin leis na Boird Bainistíochta maidir le meastóireacht WSE MLL. Cuidíodh leis na scoileanna maidir le Plean Iarchúraim i ndáil le meastóireacht ar an scoil uile (WSE)/Cigireacht Ábhair a ullmhú.
- Cuidíodh leis na scoileanna pleanáil, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú a dhéanamh i ndáil leis an bPlean DEIS.
- Leanadh den tSraith Shóisearach nua a chur i bhfeidhm
- Cuidíodh le Féinmheastóireacht Scoile agus le Pleanáil Feabhsúcháin Scoile trí eolas faoi shárghnáis oibre a scaipeadh.

- Cuidíodh le scoileanna tabhairt faoin obair ullmhúcháin maidir le córas nua Cigireachta i ndáil le SEN agus le Cosaint agus Cumhdach Leanaí.

## SPRIOC 2 TEAGASC AGUS FOGHLAIM AR ARDCHAIGHDEÁN

- Sceideal de chruinnithe múinteoirí d'fhonn an sárchleachtas maidir le hEalaín, ICT, Reiligiún, PE, an Idirbhliain agus SEN a chur sa timpeall.
- 6 seisiún 3 uaire a chloig den Chleachtadh Athmhachnaimh le SHEP do na Príomhoidí agus na Leas-phríomhoidí.
- Cuireadh foireann cúnta i ndáil le ICT san Fhoghlaim, sa Teagasc agus sa Mheasúnóireacht ar fáil do na Scoileanna
- Chuir scoileanna BOO Chiarraí cúrsa Eolaíocht Ríomhaireachta an TS ar fáil
- Cuireadh an lón pleanála maidir le gach Roinn Ábhair ar fáil ar líne
- Cuireadh CPG maidir le Microsoft 365 ar fáil do na múinteoirí agus do na daltaí ar fad.
- Sprioc: 50% de na múinteoirí i mbun ábhar a ullmhú agus a scaipeadh ar líne leis an roinn ábhair agus leis na daltaí. Tugadh sin i gcrích.
- Leagadh amach de sprioc go mbeadh 20% de na daltaí ag cur a gcuid obair baile faoi bhráid ar líne faoi mhí Bealtaine 2019 (Braitheann sin ar cheangal leathanbhanda a bheith ar fáil).

### *STEAM*

- Leagadh mórbhéim ar Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Ealaín agus Matamaitic trí Sheachtainí STEAM sna scoileanna.
- Bhí dea-thoradh ar iarratas a rinneadh leis an DoES maidir le Cistí Comhpháirtíochta i ndáil le Cruthaitheacht Óige chun tús áite a thabhairt do chúrsaí ealaíne agus cruthaitheachta i rith na bliana 2018.

### *Folláine*

- Cuireadh comhordaitheoir folláine ar fáil i ngach scoile agus plean folláine ar bun don TS.
- Cuireadh cúrsa trí lá in Oiliúint maidir le Tacaíocht don Dalta le gníomhaireachtaí éagsúla ar fáil d'Fhoirne Tacaíochta na nDaltaí i rith an téarma tosaigh.
- Chuir Jigsaw seisiúin sheachtracha den chleachtadh athmhachnaimh ar fáil go leanúnach d'Fhoirne Tacaíochta na nDaltaí.
- Cuireadh clár píolótach "EmPower ME" ar fáil don tsraith shinsearach ar fud na scoileanna go léir ag díriú ar cheisteanna na linne; toiliú, féiníomhá colainne, na meáin shóisialta, srl.
- Cuireadh ócáid maidir le Ceannaireacht Mná Óige ar siúl do dhaltaí sa 5ú Bliain i mí na Nollag 2018 mar chomóradh ar chothrom 100 bliain ó bhí Vóta den chéad uair ag na mná.
- Leagadh béim ar Thionscnamh na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir le Cead Cainte ag an Dalta.
- Eagraíodh Ócáid i ngach scoil iarbhunscolaíochta maidir le Gradaim na nDaltaí i mí Bealtaine.

*Corpoideachas*

- Seoladh Straitéis CO Iarbhunscolaíochta BOO Chiarraí.
- Cuireadh feabhas ar threalamh CO chun tosaigh san ord tábhachta maidir le cistíocht sa bhliain 2018.
- Leanadh de fheachtas chun CO a chur chun cinn, an Clár maidir le Míle Scoile san áireamh i ndáil leis an CNS.
- Rinneadh comhairliúchán leanúnach leis na daltaí trí AFL agus Aiseolas Múnlaitheach a bhí ceangailte le Pleanáil Roinn an Ábhair.
- Rinneadh obair thástála agus forbartha ar Aip PHYZ do CO sa tSraith Shinsearach i rith na bliana scoile 2018/2019

## SPRIOC 3
## BEARTA NUÁLACHA OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

- Ullmhaíodh anailís déimeagrafaíochta do na scoileanna faoi mhí Dheireadh Fómhair 2018 i ndáil le clárú na ndaltaí don scoilbhliain 2019/20
- Glacadh páirt i bpróiseas ETBI maidir le Sainspiorad/Meon Lárnach le béim ar an soláthar il-sainchreidmheachs.
- Rinneadh éifeachtúlacht DSEL sa bhliain 2018 a mheas agus rinneadh pleanáil de réir an lón eolais
- Cuireadh clár sa Mhatamaitic Fheidhmeach bunaithe ar fhoghlaim cumaisc ar fáil do dhaltaí uile an 5ú Bliain i scoileanna uile BOO Chiarraí.
- Oibríodh leis an gCoiste Idirghníomhaireachtaí maidir le hOideachas an Lucht Siúil, Scoileanna Chill Airne agus na Gníomhaireachtaí Forbartha Áitiúla maidir le rannpháirtíocht an Lucht Siúil agus an ghnóthachtáil sna scoileanna. Leagadh síos spriocanna i ndáil leis an scoilbhliain 2018/19.

## SPRIOC 4 ROCHTAIN AGUS DUL CHUN CINN

*Riachtanais Speisialta Oideachais*

- Tá Múinteoir Taca SEN BOO Chiarraí ar fáil i gcónaí ag na scoileanna maidir le cúnamh taca agus comhairle.
- Bhí béim ar an Múinteoireacht Foirne sna scoileanna ar fad i rith na bliana 2018.
- Eagraíodh dhá chruinniú pleanála agus athbhreithnithe le Comhordaitheoirí SEN. Cuireadh cúrsa Oiliúna SNA ceithre lá ar siúl i mí Meitheamh 2018 maidir le Ionsaitheacht agus Ionsaitheacht Ionchais a Bhainistiú (MAPA) agus Láimhseáil agus Ionramháil.
- Leanadh de shé cinn de Ranganna Speisialta a chur ar fáil i gceithre cinn de scoileanna BOO Chiarraí. Cuireadh córas cúnta ar fáil maidir leis na Ranganna Speisialta. Cothaíodh caidreamh straitéiseach le Seirbhís Idirghabhála Chiarraí do Dhaoine faoi Mhíchumas mar bhonn taca i ndáil le ranganna speisialta.

## SPRIOC 5
## COMHPHÁIRTÍOCHT BHISIÚIL A FHORBAIRT

- Cuidíodh le scoileanna ceangal straitéiseach a chothú le heagraíochtaí fostóirí e.g. ceangal Scoil/Gnó.
- Leanadh den chúnamh maidir leis an sárchleachtas i ndáil le Críochnú na Scoile agus Caidreamh idir an Baile, an Scoil agus an Pobal i scoileanna a thagann faoi scéim DEIS.
- Glacadh páirt in imeachtaí LCDC agus LAG agus i dtionscnaimh cúnta le béim ar chuimsiú agus ar iléagsúlacht. Páirteach ar Choiste Measta LCDC agus chothaigh ceangal straitéiseach le hOideachas agus Oiliúint.
- Rinneadh creat straitéise a fhorbairt le KDYS maidir le ceangal idir Scoileanna/Obair Óige ag teacht le scéim cistíochta nua na DCYA.
- Leanadh de Chláir Erasmus a chur chun cinn i scoileanna e.g. Coláiste Pobail Chill Orglan.
- Cuidíodh le Mol Pobail Spóirt i gColáiste na Sceilge.
- Oibríodh ar mhaithe le Music Generation i mí Eanáir 2019 agus cuireadh tús leis an réamhobair ar iarratas maidir le Comhpháirtíocht Chruthaitheacht Óige Chiarraí.
- Leanadh den chúnamh taca i ndáil le hobair Choiste na gConairí Chun Cinn do dhaoine faoi Mhíchumas Intleachta agus le hUathachas agus iad ag fágáil na scoile.

## SPRIOC 6 RANNPHÁIRTÍOCHT GEALLSEALBHÓIRÍ

- Bhí Comhairlí na nDaltaí ar bun, cuireadh oiliúint ar fáil agus bhí cruinnithe rialta acu i ngach scoil i rith na bliana.
- Tionóladh trí chruinniú de chuid Fhóram Daltaí BOO Chiarraí i rith na bliana agus scaipeadh eolas faoin sárchleachtas.
- Bhí Comhairlí na dTuismitheoirí ar bun, cuireadh oiliúint ar fáil agus bhí cruinnithe rialta acu i ngach scoil i rith na bliana.
- Tionóladh ceithre chruinniú de chuid Fhóram Tuismitheoirí BOO Chiarraí i rith na bliana,

cuireadh an t-eolas ba dheireanaí faoi chora nua sna scoileanna ar fáil agus scaipeadh eolas faoin sárchleachtas
- Glacadh le haiseolas tar éis gach cruinniú múinteoirí/ceardlann/ seisiún inseirbhíse a ndearnadh anailís air ina dhiaidh sin agus a bheidh ina lón eolais maidir leis an bpleanáil.
- Cuireadh sceideal na bliana de sheisiúin forbartha inseirbhíse ar fáil don uile dhuine lena mbaineann.
- Eagraíodh trí cinn de chruinnithe le ceardchumainn na múinteoirí agus ceardchumann na SNA i rith na bliana chun plé a dhéanamh ar cheisteanna agus ábhar buartha a sheachaint.
- Rinneadh pleanáil ar Chóras maidir le Cúnamh do Mhúinteoirí Nua agus cuireadh an córas i bhfeidhm.

## SPRIOC 7 ÉIFEACHTACHT AGUS CUNTASACHT I GCÚRSAÍ RIALACHAIS AGUS CEANNAIREACHTA

- An Polasaí maidir le Cúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta, bhí pleanáil agus oiliúint inseirbhíse ar an bhfoireann ar fhéilire na bliana 2018
- Cuireadh sé cinn de sheisiúin athmhachnaimh ar fáil do na Príomhoidí agus do na Leas-phríomhoidí.
- Cuireadh cúrsaí inseirbhíse agus cúrsaí oiliúna ar fáil maidir leis na réimsí seo a leanas: Soláthar, Bainistíocht Airgeadais, Cosaint Leanaí, an tAcht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna) 2018 agus GDPR.
- Tionóladh trí chruinniú de chuid Choiste Maoirseachta BOO Chiarraí maidir le Cosaint Leanaí.

## SPRIOC 8 MARGAÍOCHT, BRANDÁIL AGUS CUMARSÁID

- Ullmhaíodh Plean Caidrimh Phoiblí bliantúil do na scoileanna
- Eagraíodh Seachtain Scoileanna BOO Chiarraí an tseachtain deiridh de mhí Meán Fómhair.

## SPRIOC 9 AN TIMPEALLACHT OIBRE AGUS FOGHLAMA A FHEABHSÚ

- Ullmhaíodh sceideal bliana DSEL maidir le hoiliúint inseirbhíse agus cruinnithe múinteoirí.
- Cuireadh an Clár maidir le Cúnamh d'Fhostaithe chun cinn.
- Cuireadh an Clár Folláine ar fáil i ngach scoil.
- Eagraíodh ceardlanna Folláine i rith Lá Foghlama na Foirne
- Rinneadh beart de réir an phlean a d'eascair ón Iniúchadh Sláinte agus Sábháilteachta 2017/18. Cuireadh plean oiliúna maidir le cúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta i gcrích do na baill foirne tábhachtacha ina leith sin sna scoileanna.
- Rinneadh athbhreithniú agus pleanáil maidir leis na foirgnimh agus cúrsaí cothabhála i ndáil le gach ceann de na scoileanna
- Leanadh leis na pleananna maidir le Gaelcholáiste nua sa bhliain 2020.
- Rinneadh dul chun cinn maidir le páirceanna imeartha AstroTurf i gColáiste Pobail Oileán Chiarraí agus i gColáiste Pobail Chill Airne.

*Cuimsiú*

- Chuir BOO Chiarraí tacaíocht shaindírithe uilechuimsitheach ar fáil do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais. Spreagadh múinteoirí a oibríonn le daltaí le SEN chun leas a bhaint as an Dioplóma i SEN, a ndéanann an Roinn Oideachais agus Scileanna maoiniú ina leith, ionas go gcinntítear dá réir go bhfaigheann na daltaí le SEN seirbhís agus cúnamh taca ar ardchaighdeán. Bhuail na Comhordaitheoirí SEN le chéile trí huaire i rith na bliana chun gnáis oibre a chur in iúl agus aontú mar gheall ar chaighdeáin. Chuir gach scoil de chuid BOO Chiarraí an Clár nua L2LP i bhfeidhm maidir leis an tSraith Shóisearach.

- Tá Ranganna Uathachais curtha le chéile i dtrí cinn de na scoileanna; Coláiste Gleann Lí i dTrá Lí, Coláiste na Ríochta i Lios Tuathail agus Coláiste Pobail Chill Airne. Tá rang SEN i gColáiste na Sceilge do dhaltaí a bhfuil míchumas de chineál ar bith ag gabháil dóibh a fhágann nach bhféadfaidís an curaclam iomlán a shaothrú.

*Irish Plan*

Tá Scéim Gaeilge á cur i bhfeidhm faoi láthair ag BOO Chiarraí lena ngabhann na bearta príomhthábhachta seo a leanas:

- Cúrsaí TEG don fhoireann.
- Rinne BOO Chiarraí beart maidir leis an bPróiseas Pleanála don Ghaeilge i gceantair Ghaeltachta Chiarraí, an Daingean, Ciarraí Thiar agus Uíbh Ráthach.
- Tá BOO Chiarraí ainmnithe ar an ngníomhaireacht ceannródaíochta maidir le Plean Gaeilge a chur le chéile maidir le Trá Lí mar bhaile seirbhíse i ndáil le ceantair Ghaeltachta.
- Cuireadh cúrsaí samhradh ar fáil do dhaltaí bunscoile i dTrá Lí, i nDaingean Uí Chúis agus i mBaile an Sceilg i mí Iúil 2018.
- Cuireadh rogha maidir leis an mBéaltriail Gaeilge sa tSraith Shóisearach ar fáil i 7 gcinn de scoileanna BOO Chiarraí.
- Chuir BOO Chiarraí Bonn Airgid ar fáil mar ghradam do na daltaí a ghnóthaíonn an grád is airde sa Scrúdú Béil i nGaeilge an Teastais Shóisearaigh ag Gradaim na nDaltaí i mí Eanáir.
- D'oibrigh Gaelcholáiste Chiarraí, Coláiste na Sceilge (an tAonad Gaeilge) agus Pobalscoil Chorca Dhuibhne le chéile ar thionscnamh (Cairde an Phinn) bunaithe ar chairde pinn agus eagraíodh ócáid foghlama agus shóisialta i gCeann Trá i mí Bealtaine mar bhuaicphointe ceann tionscnaimh.

## Forbairt an Cheoil

*Léargas Ginearálta*

- Bhunaigh BOO Chiarraí Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Chiarraí (COCC) sa bhliain 2010
- Príomhpháirtithe: BOO Chiarraí (ceanneagraíocht), Comhairle Chontae Chiarraí, Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí, Seirbhís Óige Dheoise Chiarraí, Ealaín na Gaeltachta
- Déanann Coiste Stiúrtha KMEP maoirsiú ar an Tionscadal Píolótach Take Note
- Tá BOO Chiarraí i gceannas ar an obair comhordúcháin agus riaracháin
- Acmhainní á gcur ar fáil go páirtaimseartha
- Tionscnaimh gan aon mhaoiniú seachtrach
- Tionscnaimh arna maoiniú ag páirtnéirí (e.g. Comhairle Chontae Chiarraí)

*Cuspóirí*

- Deis níos forleithne ar chláir teagaisc grúpa ilseánra atá inacmhainne a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga
- Ceol a bheith ar fáil ar fud réimse tíreolaíochta níos fairsinge
- Tionscnaimh maidir le cóir do dhaoine óga a fhorbairt agus a leathnú
- Rinneadh forbairt bhreise ar an bplean maidir le deis bainc uirlisí ceoil a úsáid
- Leanadh den taighde maidir le breis deiseanna ceol a sheinm i measc an phobail
- Oibríodh ar mhaithe le feabhas ar dheiseanna fostaíochta, oiliúna agus CPD do cheoltóirí agus do theagascóirí áitiúla

*Bearta a cuireadh i gcrích*

- Cuireadh tús i mí Aibreán 2018 leis an gclár maidir le Ceoltóir Cónaithe a bhfuil maoiniú i gcomhar á dhéanamh air ag an gComhairle Ealaíon agus ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus a raibh úsáid

as teach i Mucros ag Ian Wilson, cumadóir ceoil, ar cheann de na gnéithe a bhain leis.
- Bhí Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Chiarraí (KMEP) ar cheann de 31 iarratasóir ar bronnadh cistí caipitil orthu faoi Scéim Caipitil Ceoil 1 Music Network i rith na bliana 2018.
- Seoladh an Tionscadal Meantóireachta maidir le Córanna do Dhaoine Óga ar fud ceithre Limistéar Bardais Chiarraí
- Eagraíodh an Tionscadal Ceoil do Dhaoine Óga na Gaeltachta i bPobalscoil Chorca Dhuibhne i nDaingean Uí Chúis le Muireann Nic Amhlaoibh, amhránaí, ceoltóir agus láithreoir TG4 i gceannas sa bhliain 2018 (as Gaeilge),
- Seoladh dhá chlár maidir le Ceol agus Léiriú Fuaime ar Leibhéal 5 PLC i gColáiste Breisoideachais Chiarraí (KCFE).

## Obair Óige

Bíonn páirt ag BOO Chiarraí san obair chun cuidiú leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA) cuspóirí an bheartais maidir le daoine óga a thabhairt i gcrích.  An DCYA a dheonaíonn cistí don bheartaíocht.

*Príomhréimsí beartaíochta na bliana 2018*
- Creat Náisiúnta na gCaighdeán Cáilíochta (NQSF)
- An Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla
- Scéim Cistí Caipitil don Óige
- Deontas LGBTQ+
- TSÓ Thrá Lí

*Creat Náisiúnta na gCaighdeán Cáilíochta (NQSF)*
Is uirlis taca agus forbartha Creat Náisiúnta na gCaighdeán Cáilíochta (NQSF) maidir le hobair óige.  Tugtar deis d'eagraíochtaí na gnáis oibre maidir leis an óige a chur i láthair do dhaoine a thuigeann an cúram.  Cuirtear creat córais ar fáil freisin d'eagraíochta trínar féidir leo a gcuid oibre a mheas, a shonrú agus a fheabhsú.

Leagtar caighdeáin amach sa chreat le rún léiriú a thabhairt ar bheartaíocht eagraíochtaí maidir le hobair óige.  Ba chóir, dá bhrí sin, go mbeadh soláthar reatha na heagraíochta maidir le hobair óige agus seirbhísí na heagraíochta ag teacht leis na bunphrionsabail agus na caighdeáin.

Rinne BOO Chiarraí Athbhreithniú Seachtrach NQSF i mí Bealtaine 2018.  Tháinig an Plean Feabhsúcháin Leanúnach agus an Tuairisc ar an Dul chun Cinn don DCYA faoi anáil thorthaí na beartaíochta sin.

*Measúnú*
Féinmheasúnú an bhonnchloch maidir le Creat Náisiúnta na gCaighdeán Cáilíochta ach tá monatóireacht sheachtrach agus measúnóireacht sheachtrach ar fáil chun cur leis an bpróiseas féinmheasúnaithe.

### *Measúnóireacht Sheachtrach*

Is é cuspóir atá le measúnóireacht sheachtrach bailíocht a thabhairt maidir le grádú KDYS féin. Bhí trí cinn de mhodhanna oibre in úsáid ag an Oifigeach Óige ina leith sin. Tagann na prionsabail agus na caighdeáin ar fad i gceist leis an bhfianaise cáipéisíochta. Roghnaítear prionsabail agus caighdeáin faoi leith ina dhiaidh sin a ndéantar iad a mheas níos géire trí ghnáis oibre a fhaire. Ar an mbeart deiridh, bíonn dearcadh níos ginearálta i gceist leis an ngrúpa fócais le geallsealbhóirí agus cruinnítear fianaise maidir le caighdeán na seirbhíse a thugtar. Ní féidir leis an Oifigeach Óige bailíocht a thabhairt maidir le grádú KDYS bunaithe ar aon mhodh oibre amháin acu sin. Ní mór na torthaí ó na trí ghné den mheasúnóireacht sheachtrach a thabhairt san áireamh leis an measúnóireacht iomlán.

| | |
|---|---|
| Dátaí maidir le hAthbhreithniú Cáipéisí: | Dé Luain agus Dé Máirt, 14 Bealtaine agus 15 Bealtaine 2018 |
| Ionad: | KDYS Trá Lí |

| | |
|---|---|
| Dáta & Ionad maidir le gnáis oibre a fhaire: | Dé hAoine, 18 Bealtaine 2018 Ionad Óige KDYS in Oileán Chiarraí & Ionad Pobail Ráth Oraigh, Trá Lí |

Ar an bpróiseas maidir le measúnóireacht sheachtrach a thabhairt chun críche, déanann Oifigigh Caighdeán Cáilíochta an Tuarascáil a chur ar fáil don eagraíocht agus a phlé leis an Meitheal Forfheidhmiúcháin. Déantar athbhreithniú ar an ngrádú leis an Meitheal Forfheidhmiúcháin go ndeimhnítear an léiriú cruinn an t-ionad ar an scála gnóthachtála ar an gcás faoi láthair maidir le caighdeáin faoi leith. Cuireadh an tuairisc ar an dul chun cinn maidir le NQSF faoi bhráid an DCYA i mí na Nollag 2018.

### *An Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla (LYCGS)*

Tugtar cúnamh maidir le hobair na gclubanna óige ar an leibhéal áitiúil tríd an LYCGS. Déantar páirtmhaoiniú ar an Scéim, a chuireann cabhair deontais ar fáil maidir leis an gcostas a ghabhann le clubanna a rith, trí fháltais an Chrannchuir Náisiúnta. An DCYA a chuireann cistí ar fáil le haghaidh na Scéime agus déanann na Boird Oideachais agus Oiliúna riarachán ar an scéim go háitiúil thar cheann na DCYA. Déanann an BOO fógraíocht maidir leis an Scéim go háitiúil gach bliain. Leagtar amach an chuspóir atá leis an deontas agus na critéir cáilithe san fhógraíocht sin.

Tugtar cúnamh faoin Scéim maidir le himeachtaí an chlub do dhaoine óga agus tugtar tús áite do chlubanna atá ag freastal ar dhaoine óga idir deich mbliana agus aon bhliain is fiche d'aois. Deontas €810.91 a tugadh do gach club ach amháin go raibh suim breise €200 ar fáil do chlubanna nua, mar shampla Club Óige Thrá Lí, a fuair deontas iomlán €1,010.91

| Na Clubanna Óige a fuair Cabhair Deontais | | |
|---|---|---|
| 1. 1ú Gasóga Chiarraí, Trá Lí | 19. Club Óige Chillín Tiarna | 37. Clár Rang a 6 Bhaile an Bhuinneánaigh |
| 2. Club Óige Bhaile Mhic Eileagóid | 20. Club Óige Scairteach an Ghlinne | 38. Club Óige Lios Tuathail |
| 3. 3ú Gasóga Chiarraí, Cathair Uí Mhóráin | 21. Club Óige Chill Gharbháin | 39. Club Óige Mhaigh Mheáin |
| 4. 2ú Gasóga Chiarraí, Trá Lí | 22. Club Óige Chathair Dónall | 40. Club Óige Bhaile an Longfoirt |
| 5. Cumann na Coise Deirge | 23. Club Óige Sóisearach an Chalaidh | 41. Club Óige Thairbirt |
| 6. Trá Lí, gan ainm | 24. Club Óige an Choireáin | 42. Club Óige Fhoróige, Lios Tuathail |
| 7. Club Iascaireachta KDYS | 25. Banóglaigh an Neidín | 43. Club Óige an Bhaile Dhuibh |
| 8. Club Óige Thrá Lí | 26. Grúpa Riachtanais Speisialta an Neidín | 44. Club Óige Bhaile Uí Thaidhg |
| 9. Brídíní na Cille Duibhe | 27. Club Óige na Snadhma | 45. An t8ú Ciarraí, An Fhianait |
| 10. 6ú Gasóga Chiarraí, Cill Airne | 28. Club Óige Thuath Ó Siosta | 46. Club Óige Ard Fhearta |
| 10. Cill Airne, gan ainm | 29. 15ú Gasóga Chiarraí, an tSnaidhm | 47. Club Óige na Fianaite agus an Spá |
| 12. Club Óige Mhucrois | 30. Club Óige Abhainn an Scáil | 48. Club Ógras Lios Tuathail |
| 13. 8ú Gasóga Chiarraí, an Fosadh | 31. Le Chéile na n-Óg | 49. Club Ógras Bhaile an Mhuilinn |
| 14. 33ú Gasóga Chiarraí, Baile an Mhuilinn | 32. Club Óige an Choma | 50. Club Ógras Thrá Lí |
| 15. Club Óige Lios an Phúca | 33. 7ú Gasóga Chiarraí, Daingean Uí Chúis | 51. Club Ógras Ghníomh go Leith |
| 16. 14ú Gasóga Chiarraí, Cill Orglan | 34. Club Óige Lios Póil | 52. Club Ógras Bhaile Uí Thaidhg |
| 17. 30ú Gasóga Chiarraí, na Foidhrí | 35. Club Óige Bhaile an Bhuinneánaigh | |
| 18. Beart do Dhaoine Óga le Riachtanais Speisialta | 36. Café Óige Bhaile an Bhuinneánaigh | |

*Scéim Cistí Caipitil don Óige*

Scéim cistí caipitil maidir le deontais bheaga agus meánmhéide caipitil do na tograí óige a ndéanann DCYA maoiniú orthu faoi na scéimeanna seo a leanas.

- Tograí Speisialta do Dhaoine Óga
- Ionaid Eolais do Dhaoine Óga
- Áiseanna agus Seirbhísí Maoinithe do Dhaoine Óga
- Tascfhórsaí Áitiúla Drugaí (na 21 príomhfhórsa amháin)

Thug an DCYA €35,000 do BOO Chiarraí sa bhliain 2018. Tugadh cistíocht caipitil maidir le KDYS Lios Tuathail agus KDYS Oileán Chiarraí (Togra Shliabh Luachra).

| | |
|---|---|
| KDYS Lios Tuathail | €17,000 |
| KDYS Oileán Chiarraí (Togra Shliabh Luachra) | €19,331 |

*Deontas LGBTI+*

Ceadaíodh deontas €5,000 sa bhliain 2018 do KDYS maidir le huaireanta a chloig breise d'obair oibrí óige a chur ar fáil dírithe go sonrach ar chuidiú le daoine óga LGBTI+. D'fhostaigh KDYS TYFS Thrá Lí ealaíontóir chun tionscadal ealaíne a chur ar fáil do dhaoine óga LGBTI+ faoi ocht mbliana déag d'aois. Fuair BOO Chiarraí €5,000 chun mapáil a dhéanamh ar an soláthar maidir le daoine óga LGBTI+ sa chontae agus tugadh an obair sin chun críche i rith na bliana 2018.

*Tograí Speisialta Óige (SPY)*

Tá de chuspóir leis na tionscnaimh seo a dtugtar deontais maidir le hobair óige ina leith cuidiú le forbairt phearsanta agus le forbairt shóisialta na rannpháirtithe ionas go bhféadann siad a theacht in inmhe go hiomlán. Bíonn deis i gceist leo freisin ag daoine óga tabhairt faoi bhearta a thagann leis an rud a chuireann siad os a gcomhair féin agus glacadh le cúraimí i bpobal a gceantair féin.

Cothaítear caidreamh freisin faoi thograí SPY le tuismitheoirí, scoileanna, gníomhaireachtaí áitiúla eile agus oibrithe deonacha chun cur le caighdeán na seirbhíse do dhaoine óga. Tá de chuspóir forghinearálta leis an scéim cuidiú le daoine óga a theacht in inmhe go hiomlán trí fhorbairt phearsanta a dhéanamh agus cur leis an aird agus leis an tuiscint ar cheisteanna a chuireann isteach ar shaol na ndaoine óga. Cuirtear cúnamh taca agus eolas ar fáil faoin scéim SPY freisin chomh maith le háit shábháilte ag daoine óga inar féidir leo bualadh le chéile agus a bheith ar a gcompord sa chomhluadar.

(http://www.youthworkireland.ie/what-we-do/spy).

| | |
|---|---|
| SPY KDYS Thrá Lí | €186,615 |

Leithdháileadh €186,615 ar BOO Chiarraí sa bhliain 2018 maidir le SPY KDYS Thrá Lí

*An scéim leasaithe maidir le maoiniú saindírithe do dhaoine óga a thabhairt isteach – scéim 3 bliana*

Tá de chuspóir ghinearálta leis an scéim nua foráil do chúnamh taca scoiledo dhaoine óga ina bpobal féin ionas go gcuirtear ar a gcumas cásanna míbhuntáiste a shárú agus teacht in inmhe go hiomlán trí chur lena gcuid inniúlachta maidir le cúrsaí pearsanta agus sóisialta. Is iad na daoine óga idir 10 – 24 bliana d'aois a dtugtar de chuntas orthu sa Straitéis Náisiúnta Óige go bhfuil siad imeallaithe, faoi mhíbhuntáiste nó leochaileach an príomhghrúpa sprice maidir leis na seirbhísí atá ar fáil faoin scéim. Ghlac cúig BOO, BOO Chiarraí ar cheann acu, páirt san obair maidir le próifíl limistéir, anailís riachtanais agus éileamh ar sheirbhísí ar feadh tréimhse trialach 6 mhí (Meitheamh – Mí na Nollag 2018) de scéim nua TYFS. Cuireadh meitheal Comhordúcháin BOO ar bun lena linn sin ionas go mbeadh lón eolais ar fáil maidir leis an bpróiseas. Cuireadh aiseolas ar fáil go rialta don DCYA agus tháinig an leagan deiridh den uirlis APNASR, a bheidh in úsáid i ngach ceann den 16 BOO i rith na bliana 2020, faoi anáil an aiseolais sin.

CUID 3

# *Ráiteas faoi Sheirbhísí – An Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna*

# Ráiteas faoi Sheirbhísí – An Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna

## FET - An Fhoireann agus an tInfreastruchtúr

líon is mó ná 100 ionad teagmhála pobail agus trí chomhoibriú le heagraíochtaí eile). Tá baill foirne fostaithe in ionaid éagsúla FET i ndeich gcinn de bhailte móra ar fud an chontae, i dTrá Lí, i gCill Airne, i Lios Tuathail, i nDaingean Uí Chúis, in Oileán Chiarraí, sa Tóchar, i gCill Orglan, i gCathair Saidhbhín, sa Choireán agus sa Neidín.

Áirítear ar na hionaid sin, Ionad Oiliúna i dTrá Lí, dhá Choláiste Breisoideachais PLC, 4 Ionad VTOS, 4 Ionad Ógtheagmhála, 7 nIonad Oideachais Bunata agus Litearthachta, 5 Ionad FET Tuaithe agus an Ionad Oideachais Faoin Aer amháin. Cuirtear seirbhísí FET ar fáil freisin i líon is mó ná 100 ionad teagmhála pobail.

## An Buiséad FET 2018 agus na Tairbhithe

Sa bhliain 2018, cuireadh buiséad FET €27,529,085 ar fáil do BOO Chiarraí ó SOLAS i ndáil le 10,933 tairbhí ar fud 23 Clár FET faoi leith agus, mar a tharla, bhí an caiteachas iomlán iarbhír i leith na bliana 2018 cothrom le €27,901,979 i ndáil le 11,754 tairbhí.

Tugtar sonraí sa tábla thíos maidir leis na tairbhithe de réir chatagóirí éagsúla na gclár FET.

| Clár | 2018 mar a beartaíodh | 2018 mar a tharla |
|---|---|---|
| 2016+ Printíseacht | 21 | 20 |
| Printíseacht Céim 7 | 76 | 114 |
| Oiliúint Phrintíseachta (2,4,6) | 438 | 432 |
| Nascoiliúint agus Bunoiliúint | 44 | 43 |
| Grúpaí ETBI | 1,685 | 2,308 |
| Oideachas Pobail | 1,910 | 2,865 |
| Ionaid Oideachais Pobail | 62 | 73 |
| ESOL | 502 | 409 |
| Oiliúint Tráthnóna | 889 | 837 |
| Uaireanta Comhoibre FET | 19 | 13 |
| ITABE | 66 | 53 |
| PLC | 1,701 | 1,608 |
| Athlonnú Dídeanaithe | 0 | 0 |
| RPL | 0 | 17 |
| Scileanna don Obair | 80 | 28 |
| Soláthraithe Oiliúna Saineolais | 168 | 205 |
| Oiliúint Sainscileanna | 719 | 588 |
| Oiliúint Oiliúnaíochta | 440 | 359 |
| Teagasc Deonach Litearthachta | 80 | 66 |
| VTOS Lárnach | 217 | 219 |
| Ógtheagmháil | 239 | 233 |
| **IOMLÁN FET** | **10,933** | **11,754** |

Léirítear sa tábla thíos líon na gcúrsaí i rith na bliana 2018 de réir na réimsí scileanna.

| Soláthar FET Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí i rith na bliana 2018 de réir Réimsí Scileanna | Líon na gCásanna maidir le cúrsaí a raibh tús curtha leo faoin 1 Eanáir 2018 | Líon na gCásanna maidir le cúrsaí a gcuirfear tús leo i rith na bliana 2018 | Móriomlán na gCúrsaí de réir na Réimsí Scileanna |
|---|---|---|---|
| Talmhaíocht, Gairneoireacht agus Muirshaothrú | 2 | 11 | 13 |
| Eolaíocht Ainmhithe | 3 | 3 | 6 |
| Ealaín agus Ceardaíocht | 23 | 21 | 44 |
| An Timpeallacht Foirgníochta | 7 | 25 | 32 |
| Gnó, Riarachán | 25 | 33 | 58 |
| ICT Lárnach | 9 | 22 | 31 |
| Pearsanta Lárnach | 75 | 299 | 374 |
| Innealtóireacht | 3 | 2 | 5 |
| Innealtóireacht (Leictreachas) | 7 | 10 | 17 |
| Innealtóireacht (IT) | 1 | 1 | 2 |
| Innealtóireacht (Meicniúil) | 2 | 21 | 23 |
| Innealtóireacht (Iompar) | 0 | 10 | 10 |
| Fiontraíocht | 0 | 0 | 0 |
| Seirbhísí Airgeadais | 1 | 2 | 3 |
| Bia agus Deochanna | 7 | 14 | 21 |
| Foghlaim Ghinearálta | 10 | 166 | 176 |
| Gruagaireacht, Teiripí Scéimhe & Teiripí Gaolmhara | 6 | 15 | 21 |
| Sláinte, Seirbhísí Teaghlaigh agus Seirbhísí Sóisialta eile | 47 | 71 | 118 |
| Teicneolaíocht an Eolais | 4 | 5 | 9 |
| Teanga | 0 | 0 | 0 |
| Bainistíocht | 3 | 6 | 9 |
| Déantúsóireacht | 0 | 1 | 1 |
| Grafaic Meán Cumarsáide | 6 | 11 | 17 |
| Acmhainní Nádúrtha | 0 | 0 | 0 |
| Oiliúint Taighde agus Oideachais | 1 | 1 | 2 |
| Díolachán & Margaíocht | 3 | 6 | 9 |
| Eolaíocht agus Teicneolaíocht | 2 | 3 | 5 |
| Seirbhísí Slándála, Gardála & Éigeandála | 1 | 7 | 8 |
| Sampláil Scileanna | 5 | 6 | 11 |
| Spórt agus Fóillíocht | 11 | 11 | 22 |
| Turasóireacht | 8 | 10 | 18 |
| Iompar, Dáiliúchán & Lóistíocht | 0 | 2 | 2 |
| Forbairt agus Dearthóireacht Gréasáin | 2 | 3 | 5 |
| **Iomlán** | **274** | **798** | **1072** |

## SPRIOC 1: CLÁIR ATÁ AITHEANTA AGUS AR CHÁILÍOCHT DHEARBHAITHE AR LEIBHÉAL NÁISIÚNTA AGUS IDIRNÁISIÚNTA

**Fócas:** Cláir oideachais agus oiliúna a dhearadh agus a chur ar fáil atá deimhnithe, aitheanta agus ar cháilíocht dhearbhaithe ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

### Rialachas maidir le Dearbhú Cáilíochta (DC) i ndáil le Breisoideachas agus Oiliúint

Chuir BOO Chiarraí córas Rialachais DC leasaithe ar bun i rith na bliana 2018 i gcomhréir le Treoirlínte DC Lárnacha QQI ar mhaithe le maoirseacht a dhéanamh ar chaighdeán an oideachais agus na hoiliúna a ghabhann leis an soláthar FET, ionracas na bpróiseas acadúil agus na gcaighdeán acadúil a chaomhnú agus bainistíocht a dhéanamh i ndáil le réimsí baoil. Is í an Chomhairle Cáilíochta an t-aonad rialachais forghinearálta maidir le cúrsaí cáilíochta ag BOO Chiarraí. Tá dhá fho-choiste ar bun ag an gComhairle Cáilíochta – an Bord Rialachais DC agus Bord Rialachais na gClár. Déantar na Téarmaí Tagartha maidir leis na Boird Rialachais DC ar fad a fhoilsiú ar láithreán gréasáin BOO Chiarraí.

Cuireadh Comhairle Cáilíochta BOO Chiarraí ar bun ar an 15 Meitheamh 2018 agus tagann cúrsaí rialachais maidir le printíseachtaí nua faoina scáth chomh maith leis an soláthar FET uile de chuid BOO Chiarraí. Tá Cathaoirleach seachtrach ceaptha ag BOO Chiarraí chun cathaoirleacht a dhéanamh ar an gComhairle Cáilíochta agus déantar comhaltaí na comhairle a fhoilsiú ar ar láithreán gréasáin BOO Chiarraí. Tionóladh trí cinn de chruinnithe de chuid na Comhairle DC i rith na bliana 2018, trí cinn de chruinnithe de chuid Bhord Rialachais na gClár agus cúig cinn de chuid an Bhord Rialachais DC.




D'aontaigh an Chomhairle Cáilíochta ar an 15 Meitheamh an Bord Scrúdaithe maidir leis an bPrintíseacht Náisiúnta don Commis Chef. Beidh Téarmaí Tagartha an Bhord Scrúdaithe á bhfoilsiú ar an Láithreán Gréasáin nua ag BOO Chiarraí.

Ar phríomhchuspóirí na bliana 2018 ag BOO Chiarraí bhí Aonad nua maidir le DC & Forbairt Curaclaim a chur ar bun. Déanann an tAonad DC tuairiscíocht díreach leis an Stiúrthóir FET. Tá an tAonad DC freagrach as na Polasaithe agus Gnáis Oibre ar fad maidir le DC a bhaineann le Cláir Breisoideachais agus Oiliúna BOO Chiarraí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus as monatóireacht a dhéanamh ina leith. Tá an tAonad DC freagrach as monatóireacht agus tuairiscíocht i ndáil le gach beart measúnóireachta agus as an gcaidreamh leis na Comhlachtaí Teistiméireachta ar fad i ndáil le Cláir FET. Is é an tAonad DC freisin a dhéanann an cheannródaíocht maidir le gach clár nua FET a fhorbairt agus a fhíorú.

Lean BOO Chiarraí den Phrintíseacht don Commis Chef a chur ar fáil ar fud na tíre agus tosaíodh i rith na bliana 2018 ar Phrintíseacht Nua a fhorbairt maidir leis an Obair Chothabhála ar Thuirbíní Gaoithe.

## SPRIOC 2: TEAGASC AGUS FOGHLAIM AR ARDCHAIGHDEÁN

**Fócas:** Feabhas leanúnach a chur ar an acmhainn teagaisc agus foghlama agus cultúr a chur chun cinn lena mbaineann feabhas leanúnach agus foghlaim eagraíochta ionas go mbíonn muinín ag gach geallsealbhóir as ardchaighdeán agus ábharthacht na gclár agus na gcúrsaí

### Plean Feabhsú Caighdeáin

Tugtar anseo síos an tuairisc is deireanaí ar an dul chun cinn maidir le bearta a leagtar amach i bPlean Feabhsú Cáilíochta (QIP) 2017-2021 BOO Chiarraí a cuireadh le chéile i rith na bliana 2017 mar gheall ar Fhéinmheasúnú Feidhmiúcháin.

Leagtar amach sa Phlean QIP 2017-2021:

A. Na struchtúir lena mbaineann údarás i ndáil le pleanáil ar mhaithe le feabhas agus rialachas maidir le cáilíocht agus feabhsú cáilíochta

B. Na struchtúir a dhéanann féinmheasúnú maidir le cláir agus seirbhísí agus an dóigh ina dtagann bearta feabhsúcháin faoi anáil na fianaise a thagann chun tosaigh mar gheall ar an bpróiseas sin.

Déanann an tOifigeach Oideachais Aosaigh ar a leagtar freagracht as an Aonad DC & Forbairt Curaclaim, i gcomhairle le Bord Rialachais DC BOO Chiarraí, comhordú ar chur i bhfeidhm na mbearta monatóireachta i ndáil leis an QIP agus tuairiscíocht ar an dul chun cinn le Comhairle Cáilíochta BOO Chiarraí. Tá Stiúrthóir FET freagrach as na bearta go léir a bhaineann leis an obair a cheadú agus acmhainní a chur i leith na hoibre maidir leis an QIP a chur i bhfeidhm.

Bhí an Féinmheasúnú Feidhmiúcháin, dírithe ar mhodhanna inar féidir feabhas a chur ar chaighdeán an ndeiseanna foghlama ag foghlaimeoirí uile BOO Chiarraí le polasaithe, córais agus próisis. Leagadh béim faoi leith ar shocruithe rialachais, a raibh i bhfeidhm i rith na bliana 2017 ach go háirithe, agus ar a n-éilítear ar BOO Chiarraí mar gheall ar Threoirlínte Reachtúla Lárnacha QQI i ndáil le DC i mí Aibreán 2016 agus Treoirlínte Sonracha DC maidir le hEarnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna i mí Bealtaine 2017. Leagtar amach bearta tús áite i bPlean Feabhsú Cáilíochta 2017-2022 BOO Chiarraí maidir le cúig cinn de théamaí:

1. Rialachas & Bainistíocht maidir le Cúrsaí Cáilíochta
2. FET a chur i gcrích
3. A dTaithíonn an Foghlaimeoir
4. Bainistíocht Faisnéise & Sonraí
5. Páirtithe eile a bhfuil baint acu le hOideachas & Oiliúint

Tá feidhm leis an bplean i ndáil leis an tréimhse ó mhí Deireadh Fómhair 2017 go mí na Nollag 2022. Tugtar tuairisc sa cháipéis seo ar an dul chun cinn a rinneadh i rith na bliana 2018 i ndáil leis na bearta tús áite a shonraítear agus tugtar:

a. Eolas faoi bhearta a rinne BOO Chiarraí ar mhaithe le feabhsú cáilíochta i rith na bliana 2018
b. Tráchtaireacht ar na príomhghnéithe feabhsúcháin a baineadh amach i rith na bliana 2018
c. Tráchtaireacht maidir le réimsí dúshláin agus constaicí a bhain le bearta tús áite faoi leith faoi mar a leagtar amach sa QIP a chur i bhfeidhm
d. Eolas faoi aon athrú maidir le bearta tús áite a leagtar amach faoi na téamaí éagsúla.

## Réimse nua Fócais maidir le Rangú Cúrsaí

Tharla cor nua i rith na bliana 2018 maidir le cúrsaí ar leibhéal 5 agus ar leibhéal 6 a scrúdú agus a rangú mar chúrsaí a bhí dírithe den chuid is mó ar dhul ar aghaidh go dtí ionad fostaíochta nó ar dhul ar aghaidh go dtí ionad breisoideachais agus ardoideachais. Ag teacht leis an athrú náisiúnta maidir le cláir FET a rangú, tá catagóirí áirithe dírithe feasta ar an margadh saothair agus é de rún sonrach leo dul ar aghaidh go dtí ionad fostaíochta ar an gcúrsa a chríochnú, nó scileanna nua a fhoghlaim don láthair oibre i gcás chláir pháirtaimseartha. Tagann cúrsaí a ainmnítear mar chúrsaí atá dírithe ar fhostaíocht faoi scáth na gcatagóirí seo a leanas:

- Printíseacht
- Tréimhse Oiliúna
- Oiliúint Scileanna Sonracha
- PLC – Cúrsaí a rangaítear mar chúrsaí PLC atá Dírithe ar Fhostaíocht nó ina gCúrsaí PLC Réamhphrintíseachta
- Oiliúint Chumaisc
- Nascoiliúint agus Bunoiliúint
- Ionaid Oiliúna Pobail
- Soláthraithe Oiliúna Saineolais (NLN)
- VTOS Lárnach
- Oiliúint Tráthnóna

Laistigh de na cláir sin, chuir BOO Chiarraí deiseanna breisoideachais agus oiliúna ar fáil do dhaoine a bhí ag fágáil na scoile, do dhaoine dífhostaithe chomh maith le fostaithe agus fostóirí. Tugtar cuntas achomair anseo síos ar na modhanna ina raibh an soláthar FET ina bhonn treise faoi chúrsaí eacnamaíochta go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta i rith na bliana 2018.

- **Gnáthsholáthar:** Chuir BOO Chiarraí sraith chuimsitheach deiseanna oideachais agus oiliúna ar fáil le cláir éagsúla in ionad ar fud an chontae ionas go gcinntítear go mbíonn an lucht saothair i gCiarraí ullamh chun éileamh lucht gnó agus tionsclaíochta an cheantair a shásamh.

- **Soláthar Sainchóirithe:** Rinne BOO Chiarraí caidreamh go díreach le fostóirí maidir le cúrsaí sainiúla a leagan amach i ndáil le riachtanais réimse tionsclaíochta faoi leith. Sampla amháin dá leithéid i rith na bliana 2018 ab ea cúrsa nua do Theicneoirí Intleachtóireacht Mara a leagan amach i gcomhar le lucht an tionscail sin ar fud na tíre ar fad. Beidh an cúrsa sin ullamh lena chur ar fáil i rith na bliana 2019. Sampla eile is ea na Cúrsaí do Theicneoirí Suiteála Snáthoptaice i gcomhar le Transmission Links Ireland.

- **Bisiú Scileanna d'Fhostaithe:** Sampla den chineál seo is eas an cúrsa maidir le Ballaí Cloiche ar an Sean-nós a Thógáil a cuireadh

ar fáil d'fhonn cur le scileanna fhostaithe athchóiriúcháin de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí. Cuireadh rogha fairsing maidir le Ranganna Oíche agus le hOiliúint Tráthnóna ar fáil freisin i rith na bliana 2018 do dhaoine atá ag obair agus ar mian leo cur lena gcuid scileanna nó athoiliúint a dhéanamh. Samplaí den chineál sin is ea: ICT (ECDL, Dearthóireacht Gréasáin agus Dearthóireacht ar Ríomhaire san áireamh); Bainistíocht Mhaoirseachta; Párolla & Cuntais; Oiliúint agus Forbairt; Comhairleoireacht; Cóiriú Ainmhithe; cúrsaí maidir le hearnáil na Seirbhísí Scéimhe; Táthúchán; Muilteoireacht. Cuirtear bunchúrsaí neamhchreidiúnaithe ar fáil leis an Oideachas Pobail do dhaoine atá ag obair, mar shampla: Scileanna ICT (an fón póca, táibléid agus Ríomhairí Bunúsacha san áireamh); Miondíolachán; an tIdirlíon d'Fheirmeoirí agus an Mhatamaitic do Thuismitheoirí. Faoi scáth na gcúrsaí Litearthachta agus Bunoideachais don Duine Fásta, cuirtear cúrsaí ar fáil maidir le: Litearthacht, Uimhearthacht, Bunús ICT, Scileanna Béarla agus Teoiric na Tiomána. Cuirtear bunoideachas ar fáil d'fhostaithe faoin gclár Scileanna don Obair. Díríodh leis na cúrsaí Scileanna don Obair a cuireadh ar fáil faoin gclár maidir le Litearthacht agus Bunoideachas don Duine Fásta ar Bhéarla don Ionad Oibre, Cumarsáid sa Láthair Oibre agus Scileanna IT d'Fheirmeoirí a chur ar fáil i rith na bliana.

- **Cúrsaí Rialúcháin:** Rinneadh freastal i ndáil le soláthar na bliana 2018 ar éileamh mar gheall ar rialacháin éagsúla le cúrsaí maidir le: Cúram Sláinte; Cúram Leanaí; Sláinte agus Sábháilteacht; Cúram Céadchabhrach; Pas Sábháilte; Slándáil/Gardáil; Tiomáint Bus/Feithicil HGV; srl., chomh maith le gné an chreidiúnaithe atá ina dhlúthchuid de chúrsaí áirithe mar gheall ar rialacháin faoi leith.

- **Ionad Oiliúna BOO Chiarraí:** Cuireadh oiliúint shainiúil de chineálacha éagsúla ar fáil maidir le tionscail faoi leith agus réimsí éagsúla scileanna. Bhí fostaíocht inbhuanaithe de thoradh díreach ar mhórchuid na gcúrsaí. Lean an tIonad Oiliúna ag dul i ngleic le bearnaí áitiúla agus náisiúnta maidir le scileanna le Cláir Scileanna Sonracha saineolais.

- **Printíseacht/Tréimhsí Oiliúna:** Ag teacht leis na bearta tús áite náisiúnta arna leagan amach ag SOLAS, chuir BOO Chiarraí leis an soláthar Printíseachta agus Oiliúna i rith na bliana 2018. Tharla breis daoine a thabhairt isteach ar chúrsaí printíseachta maidir le Commis Chef, Leictreachas Céim 2, Siúinéireacht Céim 4 agus Saoirseacht Cloiche Céim 6. Rinneadh cúrsaí maidir le Scileanna Léiriúcháin do Chraolachán na Meán Digiteach, Riaradh Gnó Gruagaireachta agus Modhanna Oibre Meán Cumarsáide Raidió a athfhorbairt i rith na bliana 2018 mar thréimhsí Oiliúna.

- **Coláistí Breisoideachais Iar-Ardteistiméireachta,** bhí conairí chun oibre á gcur ar fáil le réimse leathan cúrsaí i gColáiste Breisoideachais Chiarraí i dTrá Lí agus i gColáiste Breisoideachais Thuaisceart Chiarraí i Lios Tuathail chomh maith le conairí chun breisoideachais agus ardoideachais. Is léir ó thorthaí taighde a rinne BOO Chiarraí[1] go dtarlaíonn dul ar aghaidh díreach go hionad oibre go tréan, go háirithe i ndáil le cúram sóisialta, miondíol, riarachán gnó agus obair thógála. Bhí réimse soláthair ar fáil le cúrsaí PLC ar fud réimsí éagsúla gairmeacha agus cuireadh oibrithe oilte ar fáil d'earnálacha éagsúla go háitiúil, cúram sóisialta, miondíol, gnó agus seirbhísí ina measc

- **Ionad Sárfheabhais Sláinte agus Eolaíocht Saoil:** tionscnamh nua i rith na bliana 2018 ab ea campas nua Coláiste PLC a fhorbairt i lár bhaile Thrá Lí mar lárionad sárfheabhais maidir le cúrsaí cúram sláinte agus eolaíocht saoil. D'eascair an tionscnamh seo as caidreamh forleathan le fostóirí san earnáil sin.

- **Ionad FET an Neidín:** Cuireadh cistin nua ar chaighdeán an tionscail isteach san ionad seo d'fhonn freastal ar an dara babhta den Phrintíseacht don Commis Chef i gCiarraí. Ós baile gnóthach turasóireachta an Neidín ina mbíonn béim ar chúrsaí bia agus itheacháin, oireann an láthair go hiontach agus is deimhniú ar an ngá le hoiliúint dá shórt an cúnamh taca atá á chur ar fáil ag lucht an tionscail.

1 Suirbhé Teileafóin PLC a rinneadh i rith na bliana 2018

- **Beart Sonrach Nua chun Cuidiú le Daoine atá Dífhostaithe go Fadtéarmach:** Cuirtear níos mó cúrsaí ar leibhéal CNC 3 agus 4 ar fáil anois faoi chlár VTOS BOO Chiarraí le béim láidir ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta, scileanna ICT, sampláil scileanna agus scileanna ar mhaithe le fostaíocht. Tá leasú déanta maidir leis an soláthar PLC ionas go dtugtar bunchúrsaí réamhphrintíseachta san áireamh agus cúrsaí ullmhúcháin don tríú leibhéal. Cuireadh níos mó cúrsaí gairide ar siúl i rith na bliana 2018, mar shampla Socrú ar a nDéanfaidh Tú (a cuireadh ar fáil ar fud na tíre tar éis don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (DEASP) a éileamh go sonrach go ndéanfaí sin) agus ITABE a bhfuil gné láidir den ghairmthreoir do dhaoine fásta ina dhlúthchuid den chúrsa. Tá Pleanáil Gairme ina ghné de na cúrsaí ar fad atá dírithe ar dhaoine atá dífhostaithe le tamall fada. Rinneadh cúrsaí maidir le pleanáil gnó atá dírithe ar Dhaoine Óga agus ar fhoghlaimeoirí réamhphrintíoseachta a chur ar fáil i rith na bliana 2018 mar gheall ar éileamh ón DEASP.

- **Soláthar do Dhaoine Óga:** Chuir BOO Chiarraí, trí Sheirbhís Óige Dheoise Chiarraí, deiseanna oideachais agus oiliúna ar fáil do 100 duine óg i gCiarraí. Chuir BOO Chiarraí soláthar díreach Ógtheagmhála ar fáil do 20 duine óg i nDeisceart Chiarraí. Tugtar san áireamh leis sin an rogha an Ardteistiméireacht Fheidhmeach a dhéanamh i dTrá Lí. Tá cláir de chuid BOO Chiarraí a thagann faoi Ógtheagmháil ar fáil in ionaid i dTrá Lí, i Lios Tuathail, i gCill Airne agus i gCill Orglan.

- **An tIonad Oiliúna Pobail (IOP)** Déantar soláthar speisialta gairmoiliúna leis seo maidir le daoine óga agus tugtar deis do 40 duine óga i gCiarraí scileanna gairmoiliúna a ghnóthú sa ghruagaireacht, sa lónadóireacht, in obair thógála agus i dteicneolaíocht ICT.

- **Soláthar Oiliúna Saineolais:** Chuir BOO Chiarraí 108 ionad oiliúna ar fáil maidir le soláthar oiliúna saineolais i gContae Chiarraí faoin Líonra Náisiúnta Foghlama.

- **An Tionscnamh Filleadh ar an Oideachas (BTEI) agus Oiliúint Tráthnóna:** Cuireadh modh páirtaimseartha chun scileanna a fhoghlaim ar fáil le cúrsaí BTEI BOO Chiarraí agus le hOiliúint Tráthnóna. Leanadh i rith na bliana 2018 de scileanna tábhachtacha gairme a chur ar fáil ar mhodh sochóirithe dóibh siúd atá ag lorg poist agus d'fhostaithe atá ag iarraidh scileanna ar leibhéal níos airde.

- **Oideachas Pobail:** Chuir BOO Chiarraí réimse leathan cúrsaí oideachais pobail ar fáil i rith na bliana 2018. Cuireadh cúrsaí ar fáil do ghrúpaí atá ag obair maidir le bithéagsúlacht, daoine faoi mhíchumas, ceisteanna

na mban, gníomhaíocht lucht scoir, cúnamh sláinte meabhrach ó dhaoine comhchéime, teacht ón andúil, cúrsaí cultúir, oidhreachta, Gaeilge, tuismitheoireachta srl. Rinneadh teagasc ar ábhair éagsúla, drámaíocht, ealaín, scríbhneoireacht chruthaitheach, cúrsaí comhionannais, bunús na ríomhaireachta, scileanna miondíolacháin srl.

- **Ionaid FET:** Tá páirt ag Ionaid FET Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí le pobal na tuaithe agus eacnamaíocht an cheantair a chothú agus cláir oideachais agus oiliúna a chur ar fáil. Tá réimsí éagsúla saineolais i gceist le gach ceann acu, cúrsaí Ealaíne, Gairneoireacht, Turasóireacht agus Fáilteachas. Tá ionaid lonnaithe in Ionad FET an Tóchair, Ionad FET Dhaingean Uí Chúis, Ionad FET Tech Amergin ar an gCoireán, Ionad FET Uí Chonaill i gCathair Saidhbhín agus Ionad FET an Neidín.

## SPRIOC 3: BEARTA NUÁLACHA OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

**Fócas:** Seifteanna agus bearta den nuáil agus den chruthaitheacht a fhorbairt chun freastal ar riachtanais foghlama agus forbartha atá ag daoine óga agus ag daoine fásta i sochaí atá faoi shíorathrú.

### Togra Iarthar Chiarraí maidir le Maireachtáil níos Cliste

Tháinig togra comharoibre nua chun cinn i rith na bliana 2018 i ndáil le scóipeáil a dhéanamh ar thogra maidir le teicneolaíocht chliste in Iarthar Chorcaí. Tá BOO Chiarraí ag obair i gcomhar le ESB Networks, Electric Ireland agus Mol an Daingin chun scrúdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag foinsí inathnuaite, cadhnraí stórála agus úsáid níos coitianta as leictreachas maidir le teas agus cúrsaí iompair agus na deiseanna oiliúna agus oideachais a d'fhéadfadh a theacht i gceist. Beidh réimse cineálacha éagsúla teicneolaíochta in úsáid ag ESB Networks i ndáil leis an tionscadal seo i gceantar an Daingin d'fhonn an córas leictreachais a chur ar chaoi a sheasfaidh gach a bhfuil i ndán ar mhaithe le tithe cónaithe, feirmeacha agus gnólachtaí i gCorca Dhuibhne. Tá de rún ag BOO Chiarraí áras cónaithe nua cliste a fhorbairt agus a úsáid mar bhunáit maidir le hardú scileanna lucht ceirde agus ceardaíochta i ndáil le deiseanna stórála agus dáiliúcháin maidir le leictreachas ó fhoinsí inathnuaite a bhaineann le tithe agus le feithiclí a chur isteach.

**Déantúsaíocht agus Innealtóireacht:** Tá sraith soláthair faoi leith, le ceannródaíocht ón lucht tionsclaíochta saineolais, curtha le chéile ag BOO Chiarraí maidir le tarchuradóireacht agus dáileadh ar fhuinneamh leictreachais agus fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite. Is iad na cúrsaí a thagann i gceist: Tréimhse Oiliúna mar Theicneoir Cothabhála ar Thuirbíní Gaoithe; Tréimhse Oiliúna mar Oibrí Línte Crochta; Teicneoir Suiteáil Snáthoptaice. Tá leagtha amach ag BOO Chiarraí treisiú leis an soláthar ina leith sin trí shinéirge ildisciplíneach a chruthú le Togra ESB Networks maidir le Maireachtáil go Cliste in Iarthar Chiarraí. Tá caidreamh ar bun ag BOO Chiarraí le hionadaithe ar fud na hearnála maidir leis an obair chothabhála ar thuirbíní gaoithe trí Ghrúpa Stiúrtha Cuibhreannais atá á bhunú maidir le Printíseach don Teicneoir Cothabhála maidir le Tuirbíní Gaoithe a fhorbairt. Tá an pháirt a ghlacann BOO Chiarraí i bhFóram Scileanna Réigiún an Iardheiscirt ar cheann de an bealaí is tábhachtaí ina gcothaítear caidreamh le fostóirí san earnáil sin. Tá tionscnamh nua maidir le scileanna digiteacha á thabhairt chun cinn le hoibritheoirí Déantúsaíochta atá os cionn 35 bliain d'aois. Ciste nuálaíochta atá i gceist faoi láthair atá á eagrú ar bhonn píolótach trí Fhóram Scileanna Réigiún an Iardheiscirt faoi láthair ach ar dócha go ndéanfar a fhairsingiú agus a leathnú ar fud earnála tionsclaíochta eile. Tá scrúdú á dhéanamh maidir le soláthar breise i réimse an táthúcháin mar gheall ar éileamh ó Diarymaster agus comhlachtaí áitiúla eile.

**Eolaíochtaí Sláinte:** Chuir BOO Chiarraí Campas nua PLC maidir le hEolaíocht Sláinte ar bun i dTrá Lí i rith na bliana 2018 tar éis oibriú i gcomhar le JCT, Tithe Altranais, lucht Fisiteiripe agus Fiaclóirí. Tá caidreamh agus comhairliúchán foirmeálta déanta cheana féin le seirbhísí éagsúla sláinte.

**ICT:** I rith na bliana 2018, bhí caidreamh á chothú ag BOO Chiarraí le comhlachtaí TE i dTrá Lí agus ar fud an réigiúin i ndáil le comhairle maidir

le teangacha ríomhchláraithe agus a bhfuil de dhíth ar lucht na tionsclaíochta ionas go gcinntítear na cláir a chuirtear ar siúl a bheith oiriúnach, aon easnamh á thabhairt isteach agus na foghlaimeoirí ullamh chun oibre ar chríochnú na gcúrsaí dóibh. Chuidigh an próiseas sin freisin leis an ngá atá le cláir nua a thabhairt chun suntais agus le hobair scóipeála maidir le hábhar na gcúrsaí atá de dhíth. Tá de rún ag BOO Chiarraí na Printíseachtaí nua FIT ICT do Chomhtheicneoirí Gairmiúla a thairiscint.

Tá BOO Chiarraí páirteach i seifteanna éagsúla oideachais agus oiliúna atá dírithe ar an gcuimsiú sóisialta. Seo a leanas 4 thogra ar oibríodh orthu i rith na bliana 2018:

1. **TEAM:** Scéim Oideachais Pobail (CE) atá ar bun i dTrá Lí is ea TEAM maidir le teacht ón andúil. Togra idir gníomhaireachtaí éagsúla atá ann faoin Straitéis Náisiúnta maidir le Drugaí agus Deoch Mheisciúil agus tá an DEASP agus BOO Chiarraí ar na príomhpháirtnéirí in éineacht le North, East & West Kerry Development (NEWKD). Tá córas dianteagaisc curtha ar bun. Tharla dul chun cinn maith go dtí cúrsaí breisoideachais agus ardoideachais, chomh maith le hionaid fostaíochta, i rith na bliana 2018. Tá dul chun cinn seasmhach den rath déanta ag trí dhuine dhéag den seacht nduine dhéag a bhí rannpháirteach sa scéim ar dtús.

2. **Líonra Tacaíochta Dhaoine ar Chomhchéim:** is grúpa seo ar cuireadh tús leis faoin gClár Oideachais Pobail agus ar leanadh de bhonn a choinneáil faoi i rith na bliana 2018. Cuireann an grúpa cúnamh pobail ar fáil do dhaoine atá ag teacht chucu féin ó thrioblóid sláinte meabhrach. Bíonn deis ag baill an ghrúpa lón foghlama agus scileanna nua a ghnóthú. Tá roinnt de na rannpháirtithe a chuaigh ar aghaidh ó shin agus atá fostaithe go lánaimseartha nó go páirtaimseartha.

3. **Cúrsaí Gairneoireachta ar fud an Chontae:** Tá tionscnamh ar bun ar fud an chontae chun rannpháirtithe CE a bhíonn ag plé le cúrsaí gairneoireachta a oiliúint. Is é a bhaineann leis sin go bhfuil níos mó ná 80 duine ag tabhairt faoi Mhórcháilíocht sa Ghairneoireacht ar Leibhéal 4. Tá mórchuid na n-ionad FET de chuid BOO Chiarraí atá lonnaithe faoin tuath páirteach sa togra seo. Tá cuid mhór de na rannpháirtithe CE a d'fhág an scoil luath nó dífhostaithe agus scothaosta, agus ní raibh cleachtadh roimh ré ag an gcuid is mó acu ar fhoghlaim feadh saoil.

4. **TEG:** D'eagraigh BOO Chiarraí ranganna Gaeilge i nGaeltacht Uíbh Ráthach agus i nGaeltacht Chorca Dhuibhne a chuideodh leis na foghlaimeoirí scrúduithe TEG (Teastas Eorpach na Gaeilge) a sheasamh mar chuid den dícheall seasamh leis an nGaeilge i gCiarraí.

**Na hIonaid Breisoideachais agus Oiliúna a Fhorbairt:** Tá mórthábhacht faoi straitéis BOO Chiarraí le cúrsaí caidrimh allamuigh nuair is contae tuaithe atá i gceist. Leagtar amach sa Phlean Seirbhíse 2018 scrúdú a dhéanamh i rith na bliana 2018 ar na spriocanna seo a leanas i ndáil le hIonaid FET faoin tuath agus bailte móra:

- I nDaingean Uí Chúis, scrúdaigh BOO Chiarraí na riachtanais maidir le hoibrithe a bhí á bhfostú go séasúrach; maidir le gnólachtaí an cheantair; ceisteanna maidir le cuimsiú sóisialta in Iarthar Chiarraí; agus, caomhnú na Gaeilge. Dá thoradh sin, déantar tráthchlár na gcúrsaí a eagrú le haird ar an séasúr turasóireachta agus tá cúrsaí áirithe, mar shampla Scileanna Túslíne Oifige agus Fáilteachais, Ullmhú Bia & Cócaireacht, Teicneolaíocht na Meán Digiteach, an soláthar maidir le hEalaín Chruthaitheach agus Gairneoireacht, dlúthcheangailte le riachtanais lucht fiontraíochta agus gnó in Iarthar Chiarraí. Maidir le cuimsiú sóisialta, cuireadh cúrsa maidir le Tuismitheoireacht an Chumais ar fáil faoin gComhaontú Leibhéal Seirbhíse le DESSA. Eagraíodh soláthar maidir leis an nGaeilge chomh maith do thuismitheoirí a bhfuil cónaí orthu sa cheantar Gaeltachta seo. Tá an obair sin ar siúl go leanúnach go fóill.

- Sa Neidín, leag BOO Chiarraí amach forbairt a dhéanamh ar áiseanna nua Cócaireachta Gairmiúla sula gcuirfí an Phrintíseacht don Commis Chef. Tugadh sin i gcrích agus beartaíodh an dara babhta den phrintíseacht don Commis Chef a chur ar siúl sa Neidín.

## SPRIOC 4: ROCHTAIN AGUS DUL CHUN CINN

**Fócas:** Cuidiú le daltaí agus le foghlaimeoirí deiseanna oideachais agus oiliúna a thapú agus páirt leanúnach a ghlacadh iontu agus dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh cúrsaí oideachais, fostaíochta agus/nó forbartha pearsanta.

Ar cheann de na cuspóirí príomhthábhachta FET i rith na bliana 2018, bhí cuidiú le foghlaimeoirí deiseanna oideachais agus oiliúna a thapú, a gcuid rannpháirtíochta a choinneáil ar siúl go ceann cúrsa agus cuidiú leo dul ar aghaidh go dtí ionad oideachais agus oiliúna eile, ionad fostaíochta agus/nó forbairt phearsanta/rannpháirtíocht pobail. Áirítear ar na bearta a rinneadh ina leith sin:

### Teacht ar Dheiseanna

- Gairmthreoir don Duine Fásta a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí FET.
- Bunscagadh tráth na hearcaíochta agus measúnóireacht agus bearta cúnta ina dhiaidh sin maidir le cúrsaí litearthachta, uimhearthachta, ESOL mar chúnamh d'fhoghlaimeoirí litearthachta.
- Plean DoES maidir le Litearthacht agus Uimhearthacht don Duine Fásta (2013) a chur i bhfeidhm go leanúnach
- Breis soláthair maidir leis an Dianteagasc sa Bhunoideachas don Duine Fásta (ITABE)
- Oibriú le SOLAS ar chreatpholasaí nua i ndáil le forbairt an fhostaí a chur i bhfeidhm ionas go mbíonn teacht ag fostaithe ar FET mar ghné den fhoghlaim feadh saoil.
- Oibriú i gcomhar le CYPSC agus Local Link maidir le bacanna ar fhoghlaimeoirí a bhaineann le cúram leanaí nó le cúrsaí iompair a shárú.
- Tugadh modhanna nua iontrála trí ghnáis oibre RPL chun cinn i ndáil leis an bPrintíseacht don Commis Chef agus na cúrsaí i dTreorú Turais. Rinneadh polasaithe, gnáis oibre agus próisis RPL a leathnú ionas go dtagann na cláir ar fad faoina scáth.

### Bearta Cúnta

- Coinníodh Ionaid Oscailte Foghlama ar bun i gColáiste PLC BOO Chiarraí agus rinneadh breis forbartha ina leith
- Cuireadh bearta tacaíocht don fhoghlaimeoir ar fáil in Ionad Oiliúna BOO Chiarraí agus tairgeadh cúnamh litearthachta agus uimhearthachta do Oiliúnaithe agus do Phrintísigh in Ionad Oiliúna BOO Chiarraí.
- Coimeádadh na bearta tacaíochta ardchaighdeáin don fhoghlaimeoir ar fáil trí VTOS agus Ógtheagmháil
- Cúnamh leanúnach agus forbairt leanúnach maidir le grúpaí ar mhaithe leis an tsláinte mheabhrach agus le teacht ón andúil
- Seirbhísí breise comhairleoireachta ar fud na nIonad FET
- Feabhsú leanúnach maidir le Cóiríocht Réasúnta ar fud iomlán na gclár

## Dul chun Cinn

- **Gairmthreoir:** Gairmthreoir don duine fásta an beart tosaigh maidir le Straitéis BOO Chiarraí don Dul chun Cinn Inmheánach. Cuireadh tástáil shíciméadrach ar fáil, trí Sheirbhís Ghairmthreorach agus Eolais Chiarraí don Duine Fásta, do na foghlaimeoirí ionchais d'fhonn meastóireacht a dhéanamh ar réimsí agus leibhéil spéise, suime agus inniúlachta ar mhaithe le pleanáil a dhéanamh ar a gcuid oideachais agus oiliúna i ndáil le conairí dul chun cinn.

- **Dul chun cinn Inmheánach:** Leis an tsraith cúrsaí a chuir BOO Chiarraí ar fáil, tosaíodh le roghanna maidir le litearthacht, uimhearthacht, ESOL agus bunoideachas, cúrsaí gan creidiúnú go dtí cúrsaí ar leibhéil QQI 2 agus 3. Chuir BOO Chiarraí roinnt cúrsaí Nascoiliúna agus Bunoiliúna ar fáil freisin a leagadh amach go sonrach d'fhonn ligean do na foghlaimeoirí leanúint ar aghaidh go dtí cláir ar leibhéal níos airde nó Printíseachtaí laistigh den eagraíocht. VTOS, ar leibhéil QQI 3 agus 4, an chéad rang eile sa chóras, chomh maith le roghanna Ardteistiméireachta, soláthraítear leo sin na cúrsaí nascoiliúna is gá chun leanúint ar aghaidh go dtí soláthar PLC nó Ionad Oiliúna le creidiúnú ar leibhéal 5 & 6 chomh maith le deiseanna éagsúla maidir le teistiméireacht shainiúil tionscail faoi leith a ghnóthú nó leanúint ar aghaidh go dtí cúrsa Ardoideachais. Rinneadh soláthar sonrach sainleasa freisin. Áirítear lenar cuireadh ar fáil, Oideachas Pobail, Ealaín san Ospidéal, agus uaireanta Comhoibre FET do dhaoine faoi mhíchumas, soláthar sainoiliúna an Líonra Náisiúnta Foghlama agus an tIonad Oiliúna Pobail agus Ógtheagmháil do dhaoine a d'fhág an scoil go luath.

- **Seirbhís Ghairmthreorach agus Eolais Chiarraí don Duine Fásta (KAGIS)** Tá seo ar cheann de na pointí tosaigh caidrimh is tábhachtaí ag daoine a bhíonn ag lorg deiseanna trí BOO Chiarraí. Cuirtear seirbhís ghairmiúil gairmthreorach agus eolais ar fáil do dhaoine fásta atá ina theideal sin i gCiarraí. Tá an fhoireann gairmthreorach lonnaithe i dTrá Lí agus cuirtear treoir sheachtrach ar fáil freisin d'fhoghlaimeoirí ar fud an Chontae. Bhain 1,305 duine leas as an tseirbhís i rith na bliana 2018. Cuidíodh le 817 duine a bhí ag lorg eolais trí 1,177 fiosrúchán faoi leith a dhéanamh. Cuidíodh le 250 duine maidir le 649 Seisiún Gairmthreorach 1-1 a reáchtáil. D'iarr 36 grúpa éagsúil cúnamh gairmthreorach agus eolais agus cuireadh sin ar fáil dóibh. Cuireadh 92 seisiún gairmthreorach agus eolais ar fáil ar an láthair do ghrúpaí daoine.

Tá cláir áirithe a ngabhann dualgas faoi leith leo maidir le Rochtain agus Dul Chun Cinn. Tá cláir atá dírithe ar chuidiú leis an bhfoghlaimeoir scileanna trasnúcháin a fhorbairt agus cláir eile arb é atá d'aidhm leo an pobal a fhorbairt agus a chothú an tráth céanna

a gcuirtear comhionannas agus iléagsúlacht chun cinn. Seo a leanas na cláir a bhaineann leis an réimse beartaíochta sin:

- **Litearthacht don Duine Fásta & Seirbhís Bunoideachais:** Tar éis athstruchtúrú suntasach a thabhairt ar an tseirbhís i rith na bliana 2018, cuireadh eagar nua uirthi ionas go bhfuil soláthar ar fáil ar fud an chontae agus go gcinntítear go bhfuil teacht ag muintir Chiarraí ar dheiseanna scileanna litearthachta, scileanna uimhearthachta agus bunscileanna TE a fhorbairt. Chuir an tseirbhís BODF 125 cúrsa ar fáil i rith na bliana 2018 a raibh teistiméireacht a bhaineann leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochta ag gabháil leo agus 202 cúrsa gan teistiméiracht. Lean an eagraíocht de bhreis foghlaimeoirí a spreagadh chun tabhairt faoin teistiméireacht ionas go mbeadh cáilíocht le gnóthú acu. Chuir an tseirbhís cúrsaí ar fáil freisin trí ESOL, Uaireanta Comhoibre FET, ITABE agus Teagasc Litearthachta Deonach.

- **Cúnamh Taca maidir le Printíseacht:** Rinneadh an tSeirbhís Litearthachta don Duine Fásta agus an tSeirbhís Bunoideachais a athlonnú laistigh d'Ionad Oiliúna BOO Chiarraí i rith na bliana 2018. Cuireann an tseirbhís sin anois cúnamh taca litearthachta agus uimhearthachta ar fáil do Phrintísigh laistigh den Ionad Oiliúna.

- **Ionaid Foghlama Oscailte:** Lean coláistí PLC BOO Chiarraí i rith na bliana 2018 de chur leis na seirbhísí tacaíochta don dalta. Bíonn cúnamh taca maidir le cúrsaí acadúla agus cúrsaí pearsanta ar fáil ag an bhfoghlaimeoir sna hIonaid Foghlama Oscailte d'fhonn ardú a thabhairt i gcrích ar na rátaí maidir le daoine a choinníonn leis an gcúrsa an tráth céanna a múintear éifeachtúlacht pearsanta don fhoghlaimeoir.

## SPRIOC 5: COMHPHÁIRTÍOCHT BHISIÚIL A FHORBAIRT

**Fócas:** Forbairt a dhéanamh ar chomhar páirtíochtaí nua agus feabhas a chur ar an gcomhar páirtíochta reatha le comhlachtaí ábhartha ar an leibhéal áitiúil, pobail, náisiúnta agus idirnáisiúnta d'fhonn an acmhainn is mó a thabhairt i gcrích.

Bhí béim mhór i rith na bliana 2018 ar pháirtnéireachtaí breise a chothú le fostóirí agus le ceannairí tionsclaíochta. Tugtar léargas ginearálta thíos ar an obair ina leith sin.

- **Fóram Scileanna Réigiún an Iardheiscirt:** Lean BOO Chiarraí den obair i gcomhar le Fóram Scileanna Réigiún an Iardheiscirt. Ar cheann de na tionscnaimh, bhí an clár EXPLORE chun bunscileanna digiteacha a theagasc d'oibritheoirí déantúsaíochta.

- **Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí:** Leanann BOO Chiarraí de cheangal a chothú le IT Thrá Lí i ndáil le tionscnaimh éagsúla, ina measc modhanna Rochtana agus Dul Chun Cinn d'Fhoghlaimeoirí BOO Chiarraí.

- **Scileanna chun Dul chun Cinn:** Seoladh an tionscnamh nua seo de chuid SOLAS, atá dírithe ar fhostaithe ísealscile os cionn 50 bliain d'aois in earnálacha leochaileacha, i rith na bliana 2018. Thosaigh BOO Chiarraí i rith R4 ar scrúdú a dhéanamh ar mhodhanna ina bhféadfaí pleanáil a dhéanamh don tionscnamh seo i gCiarraí. Faoi shraith 2, thosaigh BOO Chiarraí ar scóipeáil a dhéanamh maidir le riachtanais Earnáil an Chúraim Sláinte. Mar gheall ar chomhairliúchán a dhéanamh go forleathan le heagraíochtaí príobháideacha in earnáil an chúraim baile, tugadh chun aire go bhfuil gá ginearálta le gnécháilíocht nua faoi leith maidir le hAire do dhaoine a bhfuil Néaltrú ag gabháil dóibh. Rachaidh earnáil an BOO i ngleic leis an riachtanas ina leith sin nuair a bhíonn athbhreithniú á dhéanamh ar na Cláir Cúram Sláinte a bhaineann le hábhar.

- **Caidreamh le Fostóirí:** Lean BOO Chiarraí ag cur leis an straitéis maidir le caidreamh le fostóirí agus bhí béim faoi leith ar lucht tionsclaíochta a tharraingt isteach maidir le breis cúrsaí chomh maith le deiseanna nua níos fearr don taithí oibre a chruthú. Cothaíodh an caidreamh le fostóirí ar mhodhanna éagsúla i rith na bliana:
  - Caidreamh á cheangal ag baill foirne teagaisc agus foghlama le fostóirí faoi leith

  - Scóipeáil ar bhearnaí áitiúla scileanna ag Bainisteoirí Cláir agus Bainisteoirí Ionaid
  - Oibríonn Seirbhísí Printíseachta agus Seirbhís do Ghnóthais san Ionad Oiliúna le fostóirí gach lá
  - Leanadh de Scileanna don Láthair Oibre a chur ar fáil tríd an gClár Litearthachta agus Oideachais Bhunata do Dhaoine Fásta, maidir le scileanna Béarla san ionad oibre in earnáil na hóstaíochta go háirithe
  - Leanann BOO Chiarraí den obair le fostóirí ar chláir nua a fhorbairt.

- **Cláir a Fhorbairt & Caidreamh le Fostóirí**. BOO Chiarraí an soláthraí comhordúcháin maidir leis na Cláir Náisiúnta Printíseachta don Commis Chef agus táthar i gceannas freisin ar an bhforbairt ar Phrintíseacht Náisiúnta eile do Theicneoirí Cothabhála ar Thuirbíní Gaoithe. Maidir leis an obair phleanála a dhéantar i ndáil le Printíseachtaí Náisiúnta nua den chineál sin, eascraíonn cinntí maidir le leagan amach na gclár ó phróiseas comharoibre faoi stiúir Chuibhreannas Stiúrtha arna chruthú ag an lucht tionsclaíochta. Déantar na rannpháirtithe a ullmhú, le linn na printíseachta, do ról nua oibre agus leagann an Cuibhreannas Stiúrtha amach próifíl oibre i ndáil leis an ról sin agus is faoina anáil sin a leagtar amach an clár agus a thugtar i bhfeidhm é. Cuidíonn Grúpaí Stiúrtha Cuibhreannais le BOO Chiarraí freisin athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar chora nua ionchais ar an tionscal. Cinntítear leis an gcaidreamh díreach leis na fostóirí (tríd an gCuibhreannas) go mbíonn leasú ar an gclár de réir athrú ar riachtanais agus ar ghnóthaí an tionscail.

- Chuir BOO Chiarraí dhá Chlár Náisiúnta do Threoraithe Turais le chéile, cúrsa maidir le Treorú Turais Náisiúnta agus cúrsa maidir le Treorú Turais Réigiúnach. Rinneadh na cláir sin a chur ar fáil ina dhiaidh sin d'earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna agus tá siad á rith ar fud na tíre ó shin. Déanann BOO Chiarraí, tríd an gceangal caidrimh le Fáilte Éireann, Údarás Náisiúnta Forbairt Turasóireachta na hÉireann, leas a bhaint as obair na ngrúpaí fostóirí ábhartha san earnáil chun a chinntiú go mbíonn leasú ar na Cláir maidir le Treorú Turais Náisiúnta agus Réigiúnach ag teacht le hathruithe agus cora nua sa tionscail.

- **An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (DEASP)** Bhí an DEASP ar phríomhpháirtnéirí an Bhoird arís i rith na bliana 2018. Bhí cruinnithe agus pleanáil gnó i rith na bliana dírithe ar mhonatóireacht a dhéanamh ar riachtanais na ndaoine atá ar an mBeochlár agus ar sheifteanna oiriúnacha a chruthú do na daoine sin chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal na ndaoine a chuireann Oifigigh Cáis ar aghaidh chuig cúrsaí de chuid an BOO.

- **Cuideachtaí Forbartha Áitiúla**
  Lean BOO Chiarraí den obair i gcomhar le Páirtnéireacht Forbartha Dheisceart Chiarraí (SKDP) agus le Forbairt Thuaisceart, Oirthear agus Iarthar Chiarraí (NEWKD). Bíonn de phríomhchuspóir leis an obair seo iarrachtaí forbartha pobail na gcuideachtaí forbartha áitiúla agus an phobail áitiúil a thabhairt go caoimh leis na seirbhísí agus na deiseanna atá ar fáil ó BOO Chiarraí.

## SPRIOC 6: RANNPHÁIRTÍOCHT GEALLSEALBHÓIRÍ

**Fócas:** Cumarsáid a dhéanamh le foghlaimeoirí, le baill foirne, le fostóirí, le comhpháirtithe, leis an bpobal agus le gníomhaireachtaí agus soláthraithe eile oideachais chun feabhas a chur ar cháilíocht, fócas agus ábharthacht ár gcuid seirbhísí.

### Bord Bainistíochta Breisoideachais:

Cuireadh Bord Bainistíochta nua maidir le réimse an Bhreisoideachais ar bun i rith R4 2018. Is fochoiste de chuid Bhord iomlánach BOO Chiarraí atá i mBord Bainistíochta Breisoideachais BOO Chiarraí. Mar seo a leanas an chomhaltacht ar an mBord Bainistíochta Breisoideachais: cúigear ionadaithe ón Údarás Áitiúil arna n-ainmniú ag príomhbhord BOO Chiarraí; Chamber Alliance mar ionadaí gnó agus an Líonra Rannpháirtíochta Pobail mar ionadaí pobail; an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí mar ionadaí gníomhaireachta a bhfuil an rialachas de phríomhról léi.

**Aiseolas ón bhfoghlaimeoir agus taighde:** Tá acmhainn faoi leith a dhéanann caidreamh go leanúnach le hiarfhoghlaimeoirí ar chláir FET chun sonraí maidir le socrúcháin agus dul chun cinn a thiomsú agus aiseolas a chur ar fáil d'fhonn feabhsú leanúnach a dhéanamh.

**Rannpháirtíocht na bhFostóirí agus na bPríomhgheallsealbhóirí:** Cothaíonn BOO Chiarraí caidreamh leanúnach le Fostóirí éagsúla agus le hionadaithe Fostóirí d'fhonn na scileanna a bhfuil gá leo maidir le cúrsaí eacnamaíochta an cheantair a thabhairt chun suntais. Bíonn caidreamh rialta idir BOO Chiarraí freisin agus gníomhaireachtaí Rialtais agus Grúpaí Pobail d'fhonn riachtanais áitiúla agus náisiúnta Oideachais agus Oiliúna a thabhairt chun aire.

## SPRIOC 7: ÉIFEACHTACHT AGUS CUNTASACHT I GCÚRSAÍ RIALACHAIS AGUS CEANNAIREACHTA

**Fócas:** A chinntiú go mbíonn na próisis bainistíochta agus riaracháin ina mbonn treise faoi na haidhmeanna straitéise a thabhairt i gcrích agus na caighdeáin is airde cuntasachta, comhlíontais agus follasachta á mbaint amach.

### PLSS, FARR agus FETCH

Ar cheann de na príomhspriocanna i rith na bliana 2018, bhí leathnú ar leibhéal na sonraí a chuirtear isteach ar an gcóras PLSS agus ar an gcóras FARR chomh maith le húsáid níos forleithne as cuntais FETCH ag foghlaimeoirí ar mian leo cur isteach ar chúrsaí agus clárú lena n-aghaidh.

### Comhaontú Straitéiseach Feidhmíochta

Shínigh BOO Chiarraí Comhaontú Straitéiseach Feidhmíochta le SOLAS i rith na bliana 2018. Leagtar amach sa Chomhaontú sin cion oibre BOO Chiarraí i ndáil le 6 cinn de spriocanna náisiúnta maidir le FET. Is air seo atá an maoiniú i ndáil le FET bunaithe i gcás BOO Chiarraí i leith na mblianta 2018 – 2020. Seo a leanas na spriocanna atá i gceist:

- **Sprioc 1 Fostaíocht:** fostaíocht á fháil ag 22% (in imeacht na 3 bliana) níos mó foghlaimeoirí mar gheall ar an soláthar atá dírithe ar fhreastal ar an margadh saothair. Ciallaíonn sin go mbeidh Fostaíocht bainte amach ag 1,554 foghlaimeoir faoi dheireadh na bliana 2020. Baineann an sprioc seo leis an gcuid is mó de na réimsí scileanna taobh amuigh de ICT Lárnach, Pearsanta Lárnach, Foghlaim Ghinearálta agus Sampláil Scileanna. Tagann na cláir seo a leanas san áireamh leis an sprioc: Printíseacht Céim 7, Cumasc, PLC, LTI, SST, Traineeship, VTOS, Oiliúint Tráthnóna, rCholáiste

- **Sprioc 2 Dul ar aghaidh:** ardú 15% (in imeacht na 3 bliana) ar líon na bhfoghlaimeoirí a théann ar aghaidh go dtí cúrsaí eile BOO/AOO mar gheall ar an soláthar atá dírithe den chuid is mó ar a leithéid sin. Fágann sin mar sprioc líon 3,162 foghlaimeoir de chuid BOO Chiarraí ag dul ar aghaidh go dtí cúrsaí eile BOO/AOO faoi dheireadh na bliana 2020. Tagann na cláir seo a

leanas san áireamh leis an sprioc; Ógtheagmháil, Nascoiliúint agus Bunoiliúint, an tIonad Oiliúna Pobail, Soláthar Oiliúna Saineolais ag NLN, ETBI agus Scileanna don Obair.

- **Sprioc 3 Teistiméireacht:** ardú 83% (in imeacht na 3 bliana) ar an ráta teistiméireachta maidir le cúrsaí atá dírithe den chuid is mó ar scileanna trasnúcháin (gluaisteacht shóisialta) a chothú. Fágann sin mar sprioc 780 foghlaimeoir a ghnóthaíonn cáilíocht i Scileanna Trasnúcháin faoi dheireadh na bliana 2020. Áirítear ar na Scileanna Trasnúcháin inniúlacht i réimsí lárnacha mar shampla scileanna cumarsáide, an cumas a bheith críochnúil go pearsanta a mbíonn béim orthu maidir leis na réimsí scileanna seo a leanas: ICT Lárnach, Pearsanta Lárnach, Foghlaim Ghinearálta & Sampláil Scileanna. Áirítear ar na cláir a thagann i gceist leis an sprioc seo: Litearthacht don Duine Fásta, ESOL, Uaireanta Comhoibre FET, ITABE, Athlonnú Teifeach agus Litearthacht Dheonach.

- **Sprioc 4 Foghlaim Feadh Saoil:** ardú 10% ar líon na ndaoine fásta (os cionn 25 bliain d'aois) a iarrann soláthar ar leibhéal FET trí bheartaíocht foghlaim feadh saoil. Fágann sin mar sprioc 25,646 duine (os cionn 25 bliain d'aois) i gCiarraí a mbeidh tús curtha acu le cúrsa maidir le foghlaim feadh saoil faoi dheireadh na bliana 2020. Tugtar gach ceann de na réimsí scileanna san áireamh sa chás seo agus mórchuid mhór na gclár seachas an chuid atá dírithe ar dhaoine faoi bhun 25 bliain d'aois, mar shampla CTC, Ógtheagmháil agus PLC. Ar na cláir eile nach dtugtar san áireamh i leith na sprice seo, tá Printíseacht, Uaireanta Comhoibre FET, ESOL agus Cistíocht Eile.

- **Sprioc 5 Foghlaimeoirí i Réimsí Mórthábhachta:** ardú 48% ar líon na bhfoghlaimeoirí a ghnóthaíonn cáilíocht ábhartha in earnálacha foráis lena mbaineann riachtanas scileanna. Fágann sin mar sprioc 5,078 foghlaimeoir de chuid BOO Chiarraí a ghnóthaíonn cáilíocht in earnálacha ábhartha faoi dheireadh na bliana 2020. Is iad na réimsí scileanna a bhaineann le hábhar na réimsí sin a measann an Rialtas gur réimsí iad ina bhfuil forás ar an bhfostaíocht nó easnamh maidir le scileanna: an Timpeallacht Foirgníochta, Innealtóireacht, Fiontraíocht, Bia & Deoch, Sláinte, Seirbhísí Teaghlaigh agus Seirbhísí Sóisialta, ICT, Déantúsaíocht, na Meáin Chumarsáide, Grafaic & Cumarsáid, Díolachán & Margaíocht, Eolaíocht & Teicneolaíocht, Spórt & Caitheamh Aimsire, Turasóireacht, Dearthóireacht agus Forbairt don Ghréasán. Tugtar na cláir seo a leanas san áireamh i ndáil leis an sprioc seo: Printíseacht, Foghlaim Cumaisc, PLC, Oiliúint Scileanna Sainiúla, Tréimhsí Oiliúna, VTOS, agus Cúrsaí Tráthnóna.

- **Sprioc 6 Tréimhsí Oiliúna:** 830 duine a chlárú maidir le Tréimhsí nua Oiliúna i rith na dtrí mbliana idir 2018 agus 2020.

## Polasaithe forghinearálta FET

Tá polasaithe dochta i bhfeidhm ag an eagraíocht agus leantar d'athbhreithniú, d'fhorbairt agus de chur i bhfeidhm a dhéanamh i ndáil leis na polasaithe forghinearálata a bhaineann le FET.

## Tuarascáil maidir le cúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta 2018

Mar chuid den chur chuige forghinearálta i ndáil le hardchaighdeáin, cuireadh Córas Bainistíochta nua maidir le Cúrsaí Sábháilteachta i bhfeidhm i rith na bliana 2018. Rinneadh iniúchadh maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta ar na hionaid go léir agus cuireadh plean ar bun maidir le gach ionad faoi leith bunaithe ar an scrúdú sin. Rinneadh na ráitis sábháilteachta agus na gnáis oibre a athbhreithniú. Rinneadh na bearta seo a leanas i rith na bliana mar chuid den phlean forfheidhmiúcháin:

*Céim 1 Athbhreithniú ar an gCóras Bainistíochta maidir le cúrsaí Sábháilteachta, Clár Oibre Iniúchta & Plean Forfheidhmiúcháin*

- Rinneadh an clár oibre iniúchta a fhorbairt agus a aontú ar fud na heagraíochta go léir
- Rinneadh Gnáis Oibre reatha BOO Chiarraí maidir le cúrsaí S&S a athbhreithniú
- Tionóladh cruinnithe le Príomhoidí Scoile agus le Bainisteoirí na nIonad FET
- Tugadh na bearta iniúchta ar Ionaid BOO chun críche
- Rinneadh an Plean Forfheidhmiúcháin a dhréachtadh bunaithe ar thorthaí na mbeart iniúchta

- D'aontaigh lucht bainistíochta agus lucht foirne BOO Chiarraí an Plean Forfheidhmiúcháin

*Céim 2 BOO Chiarraí Gnáis Oibre Lárnacha*

- Cuireadh Creat Ginearálta do Chóras Bainistíochta maidir le Cúrsaí Sábháilteachta ar bun ar fud BOO Chiarraí
- Aontaíodh rólanna agus cúraimí lucht foirne agus lucht bainistíochta BOO Chiarraí maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta
- Rinneadh Ráiteas Sábháilteachta Lárnach BOO Chiarraí a leasú agus a fhoilsiú
- Rinneadh gnáis oibre lárnacha BOO Chiarraí maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta agus cáipéisí treorach a dhréachtadh
- Eagraíodh cruinnithe éagsúla le Príomhoidí, Comhordaitheoirí Cláir agus Bainisteoirí na nIonad FET

*Cúrsaí oiliúna a thabhairt chun críche*

- Oiliúint i gcúrsaí sábháilteachta ar mhúinteoirí/teagascóirí adhmadóireachta i ndáil le gnéithe faoi leith den phost sin agus oiliúint maidir le láimhseáil agus ionramháil ábhair
- Oiliúint i gcúrsaí sábháilteachta ar mhúinteoirí/teagascóirí miotalóireachta i ndáil le gnéithe faoi leith den phost sin agus oiliúint maidir le láimhseáil agus ionramháil ábhair

## SPRIOC 8: MARGAÍOCHT, BRANDÁIL AGUS CUMARSÁID

**Fócas:** Margaíocht éifeachtúil a dhéanamh ar na seirbhísí, an branda a fhorbairt agus cumarsáid a dhéanamh leis na geallsealbhóirí go léir.

## Caidreamh Poiblí, na Meáin Chumarsáide agus Margaíocht

Lean BOO Chiarraí i rith na bliana 2018 den obair maidir le stádas FET ionas gur cruthaíodh ardchlú ar FET mar bhealach ardchaighdeáin chun scileanna a fhoghlaim agus gairm beatha a bhaint amach. Mar chuid de straitéis na bliana 2018 ina leith sin, bhí Aonach FET, scáileáin dhigiteacha ar fud an chontae, bolscaireacht ar na meáin chlóite agus ar na meáin chraolta, Eolairí Cúrsa a chur ar fáil, FETCH a chur chun cinn, oibriú le scoileanna, le tuismitheoirí, le lucht gairmthreorach chun stádas FET mar chéad rogha a chur chun cinn. Bhí caomhchóiriú air sin ionas gur tuigeadh na gnéithe díolacháin sainiúla agus gur cuireadh in iúl go héifeachtúil iad ar chuid d'obair na bliana 2018. Rinneadh go háirithe FETCH a chur chun cinn, áis nua náisiúnta BOO ar líne d'fhoghlaimeoirí maidir le cúrsaí a chuardach agus iarratas a chur isteach.

## Aonach FET 2018

Eagraíodh Aonach FET i mí Aibreán 2018 ag ar tugadh Coláistí, Ionaid agus cláir FET uile BOO Chiarraí le chéile don ócáid bhliantúil. Tháinig níos mó ná aon mhíle duine den phobal i láthair ag iarraidh eolais, chun páirt a ghlacadh i dtaispeántais scileanna agus chun labhairt le daoine den fhoireann agus le foghlaimeoirí.

Thug baill den fhoireann, foghlaimeoirí agus oiliúnaithe faoi thaispeántais scileanna lenar bhain réimse forleathan, saoirseacht cloiche, priontáil 3D, cócaireacht, treorú turais, gruagaireacht, obair scéimhe, cúram sláinte agus cúram leanaí, cóiriú ainmhithe, ealaín agus grianghrafadóireacht, léiriú teilifíse, scannáin agus raidió, obair chothabhála ar thuirbíní gaoithe, meicneoireacht, Dearthóireacht ar Ríomhaire, obair riaracháin agus gnóthaí airgeadais. Tugadh tuairisc ag cainteanna agus ceardlanna ar dheiseanna maidir le scileanna FET a fhorbairt chomh maith le cúnamh atá ar fáil ina leith sin, mar shampla an modh chun iarratas a chur isteach ar dheontas SUSI, an Liúntas maidir le Filleadh ar Oideachas, chomh maith le cúnamh taca pearsanta agus acadúil atá ar fáil, Gairmthreoir don Duine Fásta san áireamh. Bhí bialann, láthair scéimhe agus gruagaireachta agus parlús cóiriú madraí ar an láthair a d'fhéad daoine den phobal a thapú.

Ní beart earcaíochta i ndáil leis na cúrsaí amháin a bhí san Aonach FET; bhí de chuspóir leis freisin leas a dhéanamh maidir leis an sprioc náisiúnta cur le stádas FET agus leis an tuiscint ina leith. Bhí tráchtaireacht fhorleathan ar an ócáid ar na meáin cumarsáide agus sin dírithe ar fhostóirí agus ar fhostaithe chomh maith le daoine atá ag fágáil na scoile agus ag lorg fostaíochta. Bhí d'aidhm leis an lá íomhá tairbheach a chothú maidir le FET agus an pobal a chur ar an eolas faoi na deiseanna atá ar fáil dóibh ar fud an chontae.

## Caidreamh le Fostóirí

Rinne BOO Chiarraí tástáil phíolótach ar Phróifíliú Scileanna Gairme agus ar Chóras Iarratais maidir le Cúrsaí d'Fhostóirí a bhfuil cúrsaí oiliúint á lorg acu don lucht foirne. Tá dea-thoradh ar an iarracht faoin tráth seo. Tháinig athrú i rith na bliana ar na pleananna maidir le Caidreamh le Fostóirí nuair a sheol SOLAS Scileanna chun Dul chun Cinn. Bhí cruinnithe ag BOO Chiarraí le fostóirí i rith na bliana chun an réimse deiseanna atá ar fáil maidir le hardoiliúint scileanna don lucht foirne a leagan amach dóibh.

## Cruinnithe Pobail & Cruinnithe le Gníomhaireachtaí eile

Eagraíodh cruinnithe éagsúla i rith na bliana chun Maoir Fostaíochta Pobail, Oifigigh Cáis na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus lucht foirne na Cuideachta Forbartha Áitiúil a chur ar an eolas faoin soláthar FET agus ar an toradh a bhíonn ag foghlaimeoirí dá bharr.

## Printíseacht don Commis Chef

Rinneadh obair mhór margaíochta agus caidrimh phoiblí i ndáil leis an bPrintíseacht nua don Commis Chef a ndearna BOO Chiarraí, an Soláthraí Náisiúnta Comhordúcháin, ceannródaíocht ina leith. Bhí d'aidhm leis an bhfeachtas margaíochta go gcuirfí le haird agus le tuiscint na bhfostóirí ar an soláthar FET i ndáil leis an earnáil. Tá cúnamh taca á thabhairt don chlár ag an Irish Hotels Federation (IHF), Restaurants Association of Ireland (RAI), Irish Hospitality Institute (IHI), Euro-toques Ireland, Catering Management Association of Ireland (CMAI), Fáilte Éireann, SOLAS, na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO) agus na hInstitiúidí Teicneolaíochta (IT).

## SPRIOC 9: AN TIMPEALLACHT OIBRE AGUS FOGHLAMA A FHEABHSÚ

**Fócas:** Forbairt agus feabhsú leanúnach ar na deiseanna oiliúna agus forbartha agus ar na háiseanna atá ar fáil don fhoireann ionas go bhfeabhsaítear an timpeallacht ina n-oibríonn baill na foirne agus ina bhfoghlaimíonn foghlaimeoirí.

## Forbairt Ghairmiúil 2018

Tá Forbairt Ghairmiúil an lucht foirne ar cheann de na príomhghnéithe a bhaineann leis an ndearbhú ardchaighdeáin. Ghlac baill foirne páirt i 132 cúrsa maidir leis an bhforbairt ghairmiúil ar fud seacht gcinn de réimsí straitéiseacha príomhthábhachta i rith na bliana 2018. Tá na téamaí Straitéiseacha sin ag teacht le Straitéis Náisiúnta SOLAS i ndáil le Forbairt Ghairmiúil lucht FET.

Cuireadh córas nua ar bun i rith na bliana 2018 chun tuairisc a choimeád ar an bhforbairt ghairmiúil ar fud an réimse FET. Cuireadh an córas le chéile mar chuid den phróiseas pleanála ionas go gcomhlíontar teimpléad pleanála PD SOLAS agus, chomh maith leis sin, ionas go mbeadh straitéis soiléir PD go hinmheánach i BOO Chiarraí a bhaineann le spriocanna na heagraíochta agus le riachtanais na bhfoghlaimeoirí.

Seo a leanas na príomhréimsí inar tugadh faoin bhforbairt ghairmiúil i rith na bliana 2018.

- Dearbhú Cáilíochta
- ICT
- Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (TEL)
- Bainistíocht
- Oibriú in éineacht le Foghlaimeoirí FET agus Cuidiú leo
- Ardoiliúint agus Athoiliúint Scileanna Gairme
- Caidreamh le lucht Fiontraíochta

## Togra Bonnlínte maidir le Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (TEL)

Mar chuid de thionscnaimh cáilíochta FET agus ar mhaithe le hullmhú do chur i bhfeidhm Straitéis TEL SOLAS, ghlac baill foirne agus lárionaid páirt i mbeart suirbhéireachta bonnlíne chun léargas soiléir a fháil ar na leibhéil scileanna, na gnáis oibre agus na hacmhainní maidir le TEL atá ar fáil ag an lucht foirne ar fad – iad siúd atá i mbun teagaisc agus foghlama agus daoine atá i mbun rólanna taca, riaracháin agus bainistíochta chomh maith. Rinneadh iniúchadh freisin maidir leis an mbonnlíne ar infreastruchtúr ICT BOO Chiarraí agus ar an trealamh atá in úsáid ar fud an chontae.

CUID 4

# Tacaíocht ⁊ Forbairt Eagraíochta (OS&D)

# *Tacaíocht 7 Forbairt Eagraíochta (OS&D)*

Tá an Stiúrthóir OS&D freagrach as cúrsaí Rialachais agus as cúrsaí Bainistíochta maidir le riaradh BOO Chiarraí agus as maoirseacht ar an mbainistíocht i ndáil le hacmhainní BOO Chiarraí ar fud réimsí riaracháin FET, Acmhainní Daonna, Airgeadas, Soláthar, Seirbhísí Corparáide agus Forbraíocht Caipitil agus ICT.

## Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018-2022

Seoladh Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018-22 i rith na bliana 2018. Luaitear naoi gcinn de spriocanna straitéiseacha sa Ráiteas Straitéise:

1. Cláir atá Aitheanta agus ar Cháilíocht Dhearbhaithe ar Leibhéal Náisiúnta agus Idirnáisiúnta
2. Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán
3. Bearta Nuálacha Oideachais agus Oiliúna
4. Rochtain agus Dul Chun Cinn
5. Comhpháirtíochtaí Bisiúla a Fhorbairt
6. Rannpháirtíocht Geallsealbhóirí
7. Éifeachtacht agus Cuntasacht i gcúrsaí Rialachais agus Ceannaireachta
8. Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid
9. An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú

Cuireadh teimpléid thuairiscíochta le chéile maidir leis an gcur i bhfeidhm i ndáil le gach ceann de na colúin.  Fágann na teimpléid sin gur féidir leis an eagraíocht pleanáil a dhéanamh, cuntas a choimeád agus tuairisc a fhoilsiú uair sa bhliain ar an dul chun cinn maidir leis an straitéis a chur i bhfeidhm.

## Polasaithe Agus Gnáis Oibre

Leagtar béim mhór ar pholasaithe agus gnáis oibre mionsonraithe a fhorbairt do BOO Chiarraí mar gheall ar an scaipeadh fairsing tíreolaíocht

a bhaineann leis an eagraíocht. Tá buntábhacht le polasaithe agus le gnáis oibre maidir le meon na heagraíochta a leagan síos agus a chur ar chumas na heagraíochta seirbhís ar ardchaighdeán a choinneáil ar bun chomh maith lena chinntiú go mbíonn na coinníollacha ar fad maidir le rialachas corparáide á gcomhlíonadh.

Bíonn gnáis riaracháin mhionsonraithe ina dtreoir ag bainisteoirí agus ag an lucht foirne maidir le haidhmeanna na heagraíochta a bhaint amach, treisiú le meon agus le spriocanna na heagraíochta agus a mbítear ag tnúth leis ó thaobh iompar an duine a leagan amach go soiléir. Cuidíonn leas a bhaint as polasaithe agus gnáis oibre mar chuid den oiliúint ar bhaill foirne leis an mBord Oideachais agus Oiliúna tuiscint a dhaingniú agus leanúnachas seasmhach a chinntiú maidir le gnáis oibre i réimse airgeadais agus i réimsí neamhairgeadais sa chaoi is go gcloítear i gcónaí le caighdeáin arda.

Fágann polasaithe agus gnáis oibre BOO Chiarraí gur féidir leis an eagraíocht na bearta rialála inmheánacha a threisiú agus a dheimhniú go ndéantar de réir na bpróiseas cuí. Tugann athbhreithniú ar pholasaithe agus ar ghnáis oibre reatha deis athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna oibre, lón eolais atá foghlamtha a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go mbíonn leas agus tairbhe as na próisis.

## D'aontaigh Bord BOO Chiarraí na Polasaithe agus Gnáis Oibre leasaithe agus nuacheaptha seo a leanas i rith na bliana 2018:

| Polasaithe agus Gnáis Oibre | An Dáta Aontaithe: |
|---|---|
| Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána maidir le Daltaí LEASAITHE | 26/02/2018 |
| Polasaí maidir le Comhfhreagras Ríomhphoist | 22/05/2017 |
| Polasaí & Gnás Oibre maidir le Mótarfheithicil a Úsáid | 10/07/2018 |
| Polasaí & Gnás Oibre maidir le Bainistíocht ar Réimsí Baoil | 10/04/2018 |
| Plean Soláthair Corparáideach | 28/05/2018 |
| Prótacail Léasanna – Nua nó Athnuachaint | 28/05/2018 |
| Cairt an Chustaiméara | 10/07/2018 |
| CCTV An Cheannoifig | 28/05/2018 |
| Bainistíocht i gcás Coinníollacha maidir le Cosaint Sonraí a Shárú | 22/01/2018 |
| Bainistíocht Taifead & Sceideal Coimeádta | 22/01/2018 |
| Ráiteas Príobháideachta maidir le CCTV | 04/12/2018 |
| Teimpléad de Pholasaí CCTV do na Scoileanna/Ionaid | 04/12/2018 |
| An Polasaí maidir le Cosaint Sonraí | 04/12/2018 |
| Prótacal i gcás Coinníollacha maidir le Cosaint Sonraí a Shárú | 04/12/2018 |
| Tuairiscíocht & Fiosrúchán maidir le Tionóiscí – Polasaí & Gnás Oibre H&S | 25/09/2018 |
| Tuairisc ar Bhearta Sláinte & Sábháilteachta – Polasaí & Gnás Oibre H&S | 25/09/2018 |
| Éalú i gcás Éigeandála – Polasaí & Gnás Oibre H&S | 25/09/2018 |
| Gnás Oibre maidir le hÁbhar Baoil a Mheas – Polasaí & Gnás Oibre H&S | 25/09/2018 |
| Polasaí & Gnás Oibre maidir le Cártaí Ceannacháin | 25/09/2018 |
| Soláthar maidir le ceannach míreanna ar luach suas le €25,000 Polasaí & Gnás Oibre | 25/09/2018 |

## An Roinn Breisoideachais agus Seirbhísí Oiliúna (FETS)

Tá d'fheidhm leis an Roinn FETS cuidiú leis an Stiúrthóir OS&D agus leis an Stiúrthóir FET a chinntiú go bhfuil bainistíocht chríochnúil á déanamh maidir le feidhmeanna agus acmhainní ar bhealach a thagann leis na coinníollacha faoin gCód Rialachais.

Cuidíonn foireann riaracháin FETS lei san Stiúrthóir BOO i ndáil lena chinntiú go bhfuil "an Comhaontú Cistíochta" á shásamh chomh maith leis na seirbhísí á gcur ar fáil a leagtar amach sa Litir Deontais ó SOLAS lena ndéantar an chistíocht bhliantúil a leithroinnt. Cuidíonn an Roinn FETS leis an Stiúrthóir BOO an Togra maidir le Tairiscint Cistíochta (FAR 4) a ullmhú gach bliain i ndáil le cistí don Bhreisoideachas & don Oiliúint chomh maith leis an athbhreithniú airgeadais leithbhliana agus athbhreithniú airgeadais mhí Deireadh Fómhair. Cuidítear chomh maith leis na Cuntais Chinn Bhliana a ullmhú i gcomhréir le Cáipéis Fhoréiseach Pharaiméadair Pleanála agus Cistíochta SOLAS. Déanann foireann na Roinn monatóireacht ar stáid buiséid na nIonad FET ionas go gcinntítear go bhfuil na coinníollacha éagsúla cistíochta á sásamh.

Cuidíonn an Roinn leis an Stiúrthóir OS&D maidir le córais agus próisis níos fearr a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun cur le héifeachtúlacht na heagraíochta agus a chinntiú go mbíonn córais agus gnáis dhochta maidir le rialachas corparáide ar bun i gcomhréir leis an gCód Rialachais maidir le Boird Oideachais agus Oiliúna i gCiorclán CL002/2019.

## Ar éirigh leis an Roinn FETS a thabhairt i gcrích i rith na bliana 2018 ag teacht le Spriocanna Straitéiseacha BOO Chiarraí

| Sprioc | Fócas | A ndéanfar | A ndearnadh 2018 |
|---|---|---|---|
| **SPRIOC 3**<br>**Bearta Nuálacha Oideachais agus Oiliúna** | Seifteanna agus bearta den nuáil agus den chruthaitheacht a fhorbairt chun freastal ar riachtanais foghlama atá ag daoine óga agus ag daoine fásta i sochaí atá faoi shíorathrú. | 1. Freagairt go leanúnach d'athrú déimeagrafaíochta i gCiarraí agus an soláthar seirbhísí a phleanáil dá réir sin chomh mór agus is féidir. | Cuireadh an cúnamh taca ba ghá ar fáil ionas gur fhéad an BOO beart a dhéanamh gan mhoill i ndáil le tuairim is 70 dídeanaí a theacht go dtí an Neidín. Cuidíodh le ALO maidir le cláir speisialta a chur i gcrích |
| **SPRIOC 5**<br>**Comhpháirtíochtaí Bisiúla a Fhorbairt** | Forbairt a dhéanamh ar chomhar páirtíochtaí nua agus feabhas a chur ar an gcomhar páirtíochta reatha le comhlachtaí ábhartha ar an leibhéal áitiúil, pobail, náisiúnta agus idirnáisiúnta d'fhonn an acmhainn is mó a thabhairt i gcrích. | 2. Leanúint den dlúthobair i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, le TUSLA, le SOLAS, le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) agus le ETBI. | Cothaíodh caidreamh leis an Údarás Bainistíocht ESF d'fhonn comhlíonadh iomlán na gcoinníollacha tuairiscíochta nua agus na rialachán maidir le ESF a chinntiú. Cuireadh tuairisceáin maidir leis na sonraí ar fad i leith na mblianta ó 2014 go 2017 ar fáil. |
| **SPRIOC 6**<br>**Rannpháirtíocht Geallsealbhóirí** | Cumarsáid a dhéanamh le foghlaimeoirí, le baill foirne, le fostóirí, le comhpháirtithe, leis an bpobal agus le gníomhaireachtaí agus soláthraithe eile oideachais chun feabhas a chur ar cháilíocht, fócas agus ábharthacht ár gcuid seirbhísí. | 3. Leanúint den fhorbairt ar mhodhanna saincheaptha comhairliúcháin den uilechuimsitheacht leis na geallsealbhóirí ar fad agus dá gcur i bhfeidhm. | Freastal do riachtanais maidir le hÚdarás Bainistíochta ESF agus comharsheirbhísí.<br>Oiliúint agus cúnamh taca maidir le bainistíocht FE agus teagascóirí i ndáil le córas éilimh pháirtaimseartha DCS agus ESF. |
| | | 8. Caidreamh éifeachtach a chothú leis an bhfoireann ionas go bhfeabhsaítear caighdeán na seirbhíse, go gcuirtear leis an inniúlacht agus leis an acmhainn feidhme agus go mbaintear barr feabhais amach maidir leis an mbealach a bpléitear le daoine. | Próiseas eadramhach BTEI – cuidiú leis an gcur i bhfeidhm. |
| | | 9. An obair maidir le rannpháirtíocht geallsealbhóirí a mheas d'fhonn pleanáil chónasctha a spreagadh chomh maith le cláir agus seirbhísí a shásaíonn riachtanais i gCiarraí. | Cúnamh riaracháin agus airgeadais agus maoirseacht ar Chláir Pháirtaimseartha. Cuidiú le hOifigigh Oideachais do Dhaoine Fásta maidir leis an bpleanáil ar chláir BO agus a gcur i gcrích. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **SPRIOC 7**<br>**Éifeachtacht agus Cuntasacht i gcúrsaí Rialachais agus Ceannaireachta** | A chinntiú go mbíonn na próisis bainistíochta agus riaracháin ina mbonn treise faoi na haidhmeanna straitéise a thabhairt i gcrích agus na caighdeáin is airde cuntasachta, comhlíontais agus follasachta á mbaint amach. | 2. Athbhreithniú agus feabhsú a dhéanamh ar chórais agus ar phróisis chun cur le héifeachtúlacht na heagraíochta agus leis an gcumarsáid a dhéantar leis na geallsealbhóirí go léir. | Rinneadh athbhreithniú ar Ghnáis maidir leis an gClár Páirtaimseartha i ndáil le hathruithe ba ghá mar gheall ar chóras éilimh páirtaimseartha ar líne DCS a thabhairt isteach, rólanna agus freagrachtaí san áireamh. |
| | | 3. Na córais faisnéise bainistíochta a fheabhsú ionas go soláthraítear sonraí reatha atá ábhartha cruinn ar fud na heagraíochta, ar mhaithe le feabhas maidir leis an bpleanáil, leis an soláthar seirbhísí agus le straitéis na heagraíochta a thabhairt i bhfeidhm. | Fágann córas éilimh páirtaimseartha ar líne DCS a thabhairt isteach gur féidir faisnéis bhainistíochta i bhfad níos fearr a chur ar fáil mar gheall ar acmhainn tuairiscíochta níos fearr. |

## An Roinn Acmhainní Daonna (AD)

Áirítear Earcaíocht agus Roghnú, Riarachán Pá, Cúrsaí Aoisliúntais, Seirbhísí Fostaíochta, Pleanáil Acmhainní, Bainistíocht Tinrimh ar na príomhfheidhmeanna a leagtar ar an Roinn AD. Bíonn isteach is amach le 1,100 duine fostaithe ag BOO Chiarraí. Bíonn na baill foirne sin fostaithe in ionaid ar fud an Chontae (tuairim is 33 Ionad de chuid BOO Chiarraí agus líon is mó ná 100 Ionad Seachtrach agus roinnt trí chomhoibriú le hEagraíochtaí eile).

## Ar éirigh leis an Roinn AD a thabhairt i gcrích i rith na bliana 2018 ag teacht le Spriocanna Straitéiseacha BOO Chiarraí

| Sprioc | Fócas | A ndéanfar | A ndearnadh 2018 |
|---|---|---|---|
| **SPRIOC 3**<br>**Bearta Nuálacha Oideachais agus Oiliúna** | Seifteanna agus bearta den nuáil agus den chruthaitheacht a fhorbairt chun freastal ar riachtanais foghlama atá ag daoine óga agus ag daoine fásta i sochaí atá faoi shíorathrú. | 1. Freagairt go leanúnach d'athrú déimeagrafaíochta i gCiarraí agus an soláthar seirbhísí a phleanáil dá réir sin chomh mór agus is féidir. | Pleanáil maidir leis an lucht saothair ionas go gcinntítear go bhfuil na leibhéil foirne riachtanacha ag BOO Chiarraí.<br>Monatóireacht leanúnach maidir le polasaithe agus gnáis oibre earcaíochta ionas go gcinntítear an sárchleachtas i gcomhréir leis an reachtaíocht. |
| | | 3. Cur leis an inniúlacht beart a dhéanamh i ndáil le réimsí dúshláin i sochaí ilchultúrtha. | Baill foirne breise a earcú don chéad Phobalscoil Náisiúnta de chuid BOO Chiarraí. |
| **SPRIOC 5**<br>**Comhpháirtíochtaí Bisiúla a Fhorbairt** | Forbairt a dhéanamh ar chomhar páirtíochtaí nua agus feabhas a chur ar an gcomhar páirtíochta reatha le comhlachtaí ábhartha ar an leibhéal áitiúil, pobail, náisiúnta agus idirnáisiúnta d'fhonn an acmhainn is mó a thabhairt i gcrích. | 2. Leanúint den dlúthobair i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, le TUSLA, le SOLAS, le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) agus le Boird Oidea. | Cuireadh sraith cáipéisí le chéile mar chuid de ghrúpa oibre ETBI d'fhonn cuidiú le Boird Oideachais agus Oiliúna i ndáil le próisis aistriúcháin agus athlonnaithe. |

| Sprioc | Fócas | A ndéanfar | A ndearnadh 2018 |
|---|---|---|---|
| **SPRIOC 5**<br>**Comhpháirtíochtaí Bisiúla a Fhorbairt** | Forbairt a dhéanamh ar chomhar páirtíochtaí nua agus feabhas a chur ar an gcomhar páirtíochta reatha le comhlachtaí ábhartha ar an leibhéal áitiúil, pobail, náisiúnta agus idirnáisiúnta d'fhonn an acmhainn is mó a thabhairt i gcrích. | 3. Leanúint den dlúthobair i gcomhar le ceardchumainn ábhartha chun feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhísí a chuirtear ar fáil. | Comhfhóraim Comhairliúcháin in éineacht leis an ceardchumainn ábhartha: Aontas Múinteoirí Éireann, Fórsa SNA, Fórsa Riar.<br>Chuathas i gcomhairle leis na Ceardchumainn maidir le Polasaithe agus Gnáis Oibre a bhaineann le hábhar. |
| | | 4. Leanúint den athbhreithniú, agus den leasú de réir mar is cuí, ar na próisis, na prótacail agus na gnáis oibre atá ar bun againn maidir le cúrsaí comhpháirtíochta. | Rinneadh an bhainistíocht maidir le an gClár Ógteagmhála a aistriú go dtí soláthar díreach ag BOO Chiarraí faoin reachtaíocht maidir le Cearta Fostaithe a Chosaint ar Ghnóthais a Aistriú. |
| **SPRIOC 6**<br>**Rannpháirtíocht Geallsealbhóirí** | Cumarsáid a dhéanamh le foghlaimeoirí, le baill foirne, le fostóirí, le comhpháirtithe, leis an bpobal agus le gníomhaireachtaí agus soláthraithe eile oideachais chun feabhas a chur ar cháilíocht, fócas agus ábharthacht ár gcuid seirbhísí. | 3. Leanúint den fhorbairt ar mhodhanna saincheaptha comhairliúcháin den uilechuimsitheacht leis na geallsealbhóirí ar fad agus dá gcur i bhfeidhm. | Fóraim Comhairliúcháin i gcomhar leis na ceardchumainn ábhartha: Aontas Múinteoirí Éireann, Fórsa SNA, Fórsa Riar.<br>Eagraíodh suirbhéireacht WorkPositive d'fhonn foinsí struis sa láthair oibre agus sláinte siceolaíóchta na bhfostaithe a mheas. Próiseas maidir le bainistíocht ar ábhar baoil a bhí á rith agus cur chuige 'an lucht saothair uile' i gceist leis. |
| | | 5. Leanúint d'úsáid a bhaint as an aiseolas ó gheallsealbhóirí mar lón eolais maidir le cineálacha na seirbhísí a chuirtear ar fáil agus feabhas a chur ar an soláthar reatha. | Baineadh leas as aiseolas ó bhainisteoirí, ó bhaill foirne agus ó na ceardchumainn chun athbhreithniú a dhéanamh ar chórais agus ar phróisis d'fhonn cur le héifeachtúlacht na heagraíochta. |
| | | 8. Caidreamh éifeachtach a chothú leis an bhfoireann ionas go bhfeabhsaítear caighdeán na seirbhíse, go gcuirtear leis an inniúlacht agus leis an acmhainn feidhme agus go mbaintear barr feabhais amach maidir leis an mbealach a bpléitear le daoine. | Cuireadh an struchtúr nua Ceannaireachta agus Bainistíochta ar bun i ngach scoil de chuid BOO Chiarraí.<br>Próiseas ionduchtúcháin don uile bhall nua den fhoireann.<br>Cuireadh tús le próiseas maidir le hoiliúint sa bhainistíocht agus sa cheannaireacht ar bhainisteoirí sinsearacha agus ar bhainisteoirí meánleibhéil.<br>Athbhreithniú ar ghnáis bainistíochta maidir le baill foirne a bheith as láthair agus prótacail nua chun aird a tharraingt ar líon carnach laethanta saoire breoiteachta agus dul i ngleic leis sin.<br>Oiliúint i gcúrsaí pinsin do na baill foirne lena mbaineann.<br>Cuireadh tús le próiseas aistriúcháin ETBI. |

| Sprioc | Fócas | A ndéanfar | A ndearnadh 2018 |
|---|---|---|---|
| **SPRIOC 7**<br>**Éifeachtacht agus Cuntasacht i gcúrsaí Rialachais agus Ceannaireachta** | A chinntiú go mbíonn na próisis bainistíochta agus riaracháin ina mbonn treise faoi na haidhmeanna straitéise a thabhairt i gcrích agus na caighdeáin is airde cuntasachta, comhlíontais agus follasachta á mbaint amach. | 1. Athbhreithniú a dhéanamh maidir leis an gcumarsáid inmheánach reatha, straitéis chomhleanúnach maidir leis an gcumarsáid inmheánach a fhorbairt agus a chaomhchóiriú trína ndéantar na spriocanna straitéiseacha a chur in iúl, struchtúir eagrúcháin, róil agus freagrachtaí ar gach leibhéal a shoiléiriú agus aird a dhíriú ar phróisis cinnteoireachta. | Rinneadh athbhreithniú agus leasú maidir le réimsí freagrachta AD agus cáipéis sonraí comhfhreagrais le dáileadh ar an bhfoireann go léir. |
| | | 2. Athbhreithniú agus forfheabhsú a dhéanamh ar na gnáis agus na polasaithe reatha maidir le hacmhainní daonna d'fhonn riachtanais straitéiseacha BOO Chiarraí a shásamh. | Cuireadh tús le conarthaí leictreonacha agus córas éilimh ar líne do theagascóirí páirtaimseartha a thabhairt i bhfeidhm.<br>Rinneadh taighde maidir le córas r-thuairisceáin a thabhairt isteach i rith na bliana 2019<br>Rinneadh forbairt agus athbhreithniú ar na polasaithe agus na gnáis oibre is gá mar gheall ar an Acht um Thús Áite do Leanaí.<br>Bhíothas páirteach ar Choiste Maoirseachta BOO Chiarraí maidir le Cosaint Leanaí. |
| | | 3. An cumas agus an inniúlachta ceannaireachta, bainistíochta agus maoirseachta a fhorbairt chun na spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. | Cuireadh an córas nua Ceannaireachta agus Bainistíochta i bhfeidhm i ngach scoil de chuid BOO Chiarraí. |
| | | 4. Na córais faisnéise bainistíochta a fheabhsú ionas go soláthraítear sonraí reatha atá ábhartha cruinn ar fud na heagraíochta, ar mhaithe le feabhas maidir leis an bpleanáil, leis an soláthar seirbhísí agus le straitéis na heagraíochta a thabhairt i bhfeidhm. | Tugadh isteach córas éilimh DCS ar líne lena mbaineann acmhainn tuairiscíochta níos fearr agus faisnéis bainistíochta níos mine – ionas go gcuidítear le hobair phleanála agus monatóireachta agus go gcinntítear dualgais faoin reachtaíocht á sásamh. |

| Sprioc | Fócas | A ndéanfar | A ndearnadh 2018 |
|---|---|---|---|
| **SPRIOC 7**<br>**Éifeachtacht agus Cuntasacht i gcúrsaí Rialachais agus Ceannaireachta** | A chinntiú go mbíonn na próisis bainistíochta agus riaracháin ina mbonn treise faoi na haidhmeanna straitéise a thabhairt i gcrích agus na caighdeáin is airde cuntasachta, comhlíontais agus follasachta á mbaint amach. | 5. Cultúr a chothú lena ngabhann feabhsú leanúnach agus nós athmhachnaimh. | Rinneadh forbairt agus athbhreithniú ar Pholasaithe agus ar Ghnáis Oibre i gcomhar le Ranna eile chun cur leis na Polasaithe agus Gnáis Oibre AD reatha ionas go mbaineann soiléire níos fearr leis an ról atá leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann agus a mbeifí ag tnúth leis uathu. |
| **SPRIOC 8**<br>**Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid** | Margaíocht éifeachtúil a dhéanamh ar na seirbhísí, an branda a fhorbairt agus cumarsáid a dhéanamh leis na geallsealbhóirí go léir. | 4. Scéim Teanga BOO Chiarraí a chur i bhfeidhm | Cuireadh próiseas i bhfeidhm maidir le cúrsaí samhraidh sa Ghaeilge do dhaltaí. |
| **SPRIOC 9**<br>**An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú** | Forbairt agus feabhsú leanúnach ar na deiseanna oiliúna agus forbartha agus ar na háiseanna atá ar fáil don fhoireann ionas go bhfeabhsaítear an timpeallacht ina n-oibríonn baill na foirne agus ina bhfoghlaimíonn foghlaimeoirí | 1. An creidiúnú 'Sársheirbhís ó Shárfhostaithe' a bhaint amach ar fud na heagraíochta. | Cur i láthair maidir le Sársheirbhís ó Shárfhostaithe mar chuid den Lá Foirne OS&D. |
| | | 2. Athbhreithniú eagraíochta a dhéanamh lena ndíreofar ar pholasaithe, ar chórais agus ar rólanna ionas go gcinntítear iad a bheith ag teacht go maith le straitéis oideachais agus oiliúna Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí. | Rinneadh na Polasaithe agus Gnáis Oibre AD a athbhreithniú agus a fhorbairt ionas go gcinntítear oiriúnacht maidir le córais BOO Chiarraí. |
| | | 4. Leanúint de chuidiú le scéim leasa na foirne agus le deiseanna a chothú maidir le forbairt ghairme agus aistriú poist. | Rinneadh na bearta cúnta atá ar fáil maidir le Leas Bhaill Foirne BOO Chiarraí a chur chun cinn go leanúnach.<br>Cuireadh bileog inar díríodh aird ar an gcúnamh taca atá ar fáil le chéile mar cheiliúradh ar lá faoi leith maidir le Folláine sa Láthair Oibre. |
| | | 5. Leanúint de chláir agus de straitéisí coiscthеacha agus réamhghníomhacha a fhorbairt chun dea-shláinte meabhrach a chothú i measc na ndaltaí, na bhfoghlaimeoirí agus na mball foirne. | Eagraíodh suirbhéireacht WorkPositive d'fhonn foinsí struis sa láthair oibre agus sláinte síceolaíochta na bhfostaithe a mheas i ndáil le gach réimse: OS&D, BOO, Scoileanna. |

## An Roinn Airgeadais

Tá d'aidhm leis an bhfeidhm Airgeadais cúnamh taca a thabhairt don Bhord maidir leis na haidhmeanna a leagtar amach sa Litir Cinnidh ón DoES, sa litir leithroinnte ó SOLAS agus i bhfoinsí eile a bhaint amach de réir an bhuiséid. An DoES den chuid is mó a dhéanann maoiniú ar BOO Chiarraí i ndáil leis an soláthar Iarbhunscolaíochta agus SOLAS agus an DoES a dhéanann an maoiniú maidir le Cláir Breisoideachais agus Oiliúna.

Tá foilsiú na ráiteas airgeadais ar na príomhbhealaí inar féidir le BOO Chiarraí an chuntasacht phoiblí a chur in iúl. Tá an Roinn Airgeadais freagrach as cuntais an BOO a choimeád agus as na ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú. Ní mór na ráitis airgeadais a bheith sa chaoi is go sásaítear an reachtaíocht, na polasaithe cuntasaíochta atá leagtha síos ag an Aire Oideachais agus Scileann agus na treoirlínte ar fad de chuid an DoES a bhaineann le hábhar. Tá dlite ar BOO Chiarraí na ráitis airgeadais a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoin 1 Aibreán 2019. Tagann BOO Chiarraí faoi réir iniúchóireacht freisin á dhéanamh ag an Aonad Iniúchóireachta Inmheánach (AII-BOO).

Áirítear ar phríomhfheidhmeanna na Roinne Airgeadais Bainistíocht Iniúchóireachta, Soláthar, Bainistíocht i ndáil le Sócmhainní Seasta, Creidiúnaithe, Anailís ar Chaiteachas, Bainistíocht Cistíochta agus Próiseáil Párolla.

## Ar éirigh leis an Roinn Airgeadais a thabhairt i gcrích i rith na bliana 2018 ag teacht le Spriocanna Straitéiseacha BOO Chiarraí

| Sprioc | Fócas | A ndéanfar | A ndearnadh 2018 |
|---|---|---|---|
| **SPRIOC 5**<br>**Comhpháirtíochtaí Bisiúla a Fhorbairt** | Forbairt a dhéanamh ar chomhar páirtíochtaí nua agus feabhas a chur ar an gcomhar páirtíochta reatha le comhlachtaí ábhartha ar an leibhéal áitiúil, pobail, náisiúnta agus idirnáisiúnta d'fhonn an acmhainn is mó a thabhairt i gcrích. | 2. Leanúint den dlúthobair i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, le TUSLA, le SOLAS, le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) agus le ETBI. | • D'oibrigh baill foirne na Roinne Airgeadais le grúpaí oibre éagsúla de chuid ETBI.<br>• Sonraíodh Ceannródaí Aistriúcháin mar ghníomhaire comhchaidrimh ag BOO Chiarraí maidir le Togra Párolla ESBS. |
| **SPRIOC 7**<br>**Éifeachtacht agus Cuntasacht i gcúrsaí Rialachais agus Ceannaireachta** | A chinntiú go mbíonn na próisis bainistíochta agus riaracháin ina mbonn treise faoi na haidhmeanna straitéise a thabhairt i gcrích agus na caighdeáin is airde cuntasachta, comhlíontais agus follasachta á mbaint amach. | 1. Athbhreithniú a dhéanamh maidir leis an gcumarsáid inmheánach reatha, straitéis chomhleanúnach maidir leis an gcumarsáid inmheánach a fhorbairt agus a chaomhchóiriú trína ndéantar na spriocanna straitéiseacha a chur in iúl, struchtúir eagrúcháin, róil agus freagrachtaí ar gach leibhéal a shoiléiriú agus aird a dhíriú ar phróisis cinnteoireachta. | **Cúrsaí Soláthair**<br>• Plean Soláthair Corparáide 2018-2019.<br>• Cúrsa oiliúna inseirbhíse do Bhainisteoirí Sinsearacha i mí Lúnasa 2018 le béim mhór ar chúrsaí Soláthair.<br>• Polasaí agus Gnás Oibre maidir le Soláthar i gcás Ceannacháin suas le luach €25,000.<br>• Polasaí agus Gnás Oibre maidir le Cártaí Ceannacháin.<br>• Nuachtlitir soláthair a chuirtear le chéile agus a scaiptear uair sa ráithe. |

| Sprioc | Fócas | A ndéanfar | A ndearnadh 2018 |
|---|---|---|---|
| **SPRIOC 7**<br>**Éifeachtacht agus Cuntasacht i gcúrsaí Rialachais agus Ceannaireachta** | A chinntiú go mbíonn na próisis bainistíochta agus riaracháin ina mbonn treise faoi na haidhmeanna straitéise a thabhairt i gcrích agus na caighdeáin is airde cuntasachta, comhlíontais agus follasachta á mbaint amach. | 1. Athbhreithniú a dhéanamh maidir leis an gcumarsáid inmheánach reatha, straitéis chomhleanúnach maidir leis an gcumarsáid inmheánach a fhorbairt agus a chaomhchóiriú trína ndéantar na spriocanna straitéiseacha a chur in iúl, struchtúir eagrúcháin, róil agus freagrachtaí ar gach leibhéal a shoiléiriú agus aird a dhíriú ar phróisis cinnteoireachta. | • Leagtar amach go soiléir maidir le gach polasaí agus gnás oibre maidir le cúrsaí soláthair agus gnóthaí airgeadais an ról atá ag an mBainisteoir Líne agus an ról atá ag an mball foirne i ndáil le gach polasaí agus gnás oibre faoi seach.<br>• Leagadh amach gnáis oibre maidir le hÍoc Creidiúnaithe, Taisteal agus Cothabháil ionas go dtarraingítear aird bhaill na foirne agus na mbainisteoirí go soiléir i scríbhinn ar aon cheist neamhchomhlíontais, is cuma cé chomh fánach, de réir mar a thagann siad i gceist. Tá de chuspóir leis seo go gcuirfí leis an aird ar mhíréir nósmhaireachta agus go ndéanfaí a leigheas.<br>**Bainistíocht maidir le Sócmhainní Seasta**<br>• Leanadh den athbhreithniú i ndáil leis an mBainistíocht i leith Shócmhainní Seasta sna Scoileanna agus sna hIonaid.<br>• Cuireadh oiliúint ar fáil maidir le leas a bhaint as an gcóras ar líne maidir le Bainistíocht i leith Shócmhainní Seasta. |
| | | 6. Na córais faisnéise bainistíochta a fheabhsú ionas go soláthraítear sonraí reatha atá ábhartha cruinn ar fud na heagraíochta, ar mhaithe le feabhas maidir leis an bpleanáil, leis an soláthar seirbhísí agus le straitéis na heagraíochta a thabhairt i bhfeidhm. | • Tá curtha le caighdeán na faisnéise bainistíochta atá ar fáil mar gheall ar an acmhainn tuairiscíochta a ghabhann leis an gcóras ar líne DCS maidir le héilimh pháirtaimseartha. |
| | | 7. Leanúint d'inniúlacht straitéiseach an Bhoird agus na gcoistí gaolmhara maidir le cúrsaí comhlíontais agus rialachais a thabhairt chun cinn. | • Rinneadh cur i láthair maidir le ceisteanna Airgeadais agus ceisteanna Soláthair de réir mar a d'iarr an Coiste Iniúchóireachta agus Riosc nó an Coiste Airgeadais sin. |

## Roinn Theicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide (ICT)

Cuireann an Roinn ICT forbairt infreastruchtúir agus cúnamh teicniúil ar fáil do Cheannoifig BOO Chiarraí chomh maith le bainistíocht a dhéanamh ar an gconradh maidir le cúnamh teicniúil do na scoileanna ar fad agus na hionaid FET a thagann faoi scáth BOO Chiarraí. Is í an Roinn a choinníonn bonn treise faoi chórais faisnéise bainistíochta BOO Chiarraí agus a dhéanann an bhainistíocht ina leith. Déanann an Roinn an bhainistíocht ar chóras ríomhphoist d'fhoireann iomlán na heagraíochta chomh maith le córas ríomhphoist faoi leith sa Cheannoifig. Déanann an Roinn ceannach lárnach ar an trealamh ICT ar fad ar fud na scéime. Déanann an Roinn bainistíocht ar infreastruchtúr lárnaithe maidir le gléasra cumarsáide so-iompair chomh maith le bonn treise a choimeád faoi úsáid níos mó as an teicneolaíocht maidir le cúrsaí riaracháin agus cúrsaí cumarsáide ar fud na hEagraíochta.

## Ar éirigh leis an Roinn ICT a thabhairt i gcrích i rith na bliana 2018 ag teacht le Spriocanna Straitéiseacha BOO Chiarraí

| Sprioc | Fócas | A ndéanfar | A ndearnadh 2018 |
|---|---|---|---|
| **SPRIOC 2**<br>**Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán** | Feabhas leanúnach a chur ar an acmhainn teagaisc agus foghlama agus cultúr a chur chun cinn lena mbaineann feabhas leanúnach agus foghlaim eagraíochta ionas go mbíonn muinín ag gach geallsealbhóir as ardchaighdeán agus ábharthacht na gclár agus na gcúrsaí. | 4. Cultúr nuálaíochta agus gnás athmhachnaimh a chothú, lena n-áirítear líonraí foghlama agus pobail cleachtais a fhorbairt agus scaipeadh an tsárchleachtais. | • Leanadh de chóras Wi-Fi a chur ar fáil i Scoileanna BOO Chiarraí<br>• Rinneadh ardán foghlama ar líne lena n-úsáidtear Office 365 a fhorbairt maidir le hOiliúnaíocht i nGníomhaíocht faoin Aer. |
| | | 9. A chinntiú gur féidir le gach mac léinn agus foghlaimeoir de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí foghlaim a dhéanamh i dtimpeallacht foghlama atá sábháilte nua-aimseartha. | • Conradh nua lárnaithe maidir le tacaíocht ICT ionas go gcuirtear an chomhairle agus an cúnamh taca is nua ar fáil do na Scoileanna agus do na hIonaid.<br>• Leanadh den fhorbairt ar Phróifíl Scoile maidir leis an Infreastruchtúr ICT agus le Crua-earraí.<br>• Rinneadh timpeallacht nua oibre a fhorbairt agus a fheistiú maidir le hÓgtheagmháil a chur ar fáil go díreach ag COO Chiarraí i dtrí cinn d'ionaid. |
| **SPRIOC 3**<br>**Bearta Nuálacha Oideachais agus Oiliúna** | Seifteanna agus bearta den nuáil agus den chruthaitheacht a fhorbairt chun freastal ar riachtanais foghlama atá ag daoine óga agus ag daoine fásta i sochaí atá faoi shíorathrú. | 4. Leanúint de sheifteanna a leasú agus a fhorbairt ón nua fhorbairt chun cur leis an rannpháirtíocht i mbearta oideachais agus oiliúna. | • Rinneadh Creat Hibrideach Windows a fhorbairt le húsáid i scoileanna agus in ionaid |

| Sprioc | Fócas | A ndéanfar | A ndearnadh 2018 |
|---|---|---|---|
| **SPRIOC 6**<br>**Rannpháirtíocht Geallsealbhóirí** | Cumarsáid a dhéanamh le foghlaimeoirí, le baill foirne, le fostóirí, le comhpháirtithe, leis an bpobal agus le gníomhaireachtaí agus soláthraithe eile oideachais chun feabhas a chur ar cháilíocht, fócas agus ábharthacht ár gcuid seirbhísí. | 5. Leanúint d'úsáid a bhaint as an aiseolas ó gheallsealbhóirí mar lón eolais maidir le cineálacha na seirbhísí a chuirtear ar fáil agus feabhas a chur ar an soláthar reatha. | • Scaipeadh ceistiúchán ICT ar an bhfoireann d'fhonn easnamh oiliúna agus réimsí ina bhfuil gá le breis oiliúna a thabhairt chun aire. |
| | | 8. Caidreamh éifeachtach a chothú leis an bhfoireann ionas go bhfeabhsaítear caighdeán na seirbhíse, go gcuirtear leis an inniúlacht agus leis an acmhainn feidhme agus go mbaintear barr feabhais amach maidir leis an mbealach a bpléitear le daoine. | • Cuireadh Clinic ICT ar fáil ar an lá foirne chun cuidiú le baill éagsúla foirne leas a bhaint as na deiseanna cumarsáide atá ar fáil acu.<br>• Cuireadh sraith d'fhíseáin oiliúna le chéile atá ar fáil ag baill foirne trí láithreán gréasáin BOO Chiarraí.<br>• Tugadh an obair chun críche ar phróiseas maidir le seoltaí ríomhphoist bhaill na foirne a eisiúint.<br>• Eisítear duillíní pá leictreonacha anois le gach ball foirne trí chóras ríomhphoist na foirne. |
| **SPRIOC 7**<br>**Éifeachtacht agus Cuntasacht i gcúrsaí Rialachais agus Ceannaireachta** | A chinntiú go mbíonn na próisis bainistíochta agus riaracháin ina mbonn treise faoi na haidhmeanna straitéise a thabhairt i gcrích agus na caighdeáin is airde cuntasachta, comhlíontais agus follasachta á mbaint amach. | 1. Athbhreithniú a dhéanamh maidir leis an gcumarsáid inmheánach reatha, straitéis chomhleanúnach maidir leis an gcumarsáid inmheánach a fhorbairt agus a chaomhchóiriú trína ndéantar na spriocanna straitéiseacha a chur in iúl, struchtúir eagrúcháin, róil agus freagrachtaí ar gach leibhéal a shoiléiriú agus aird a dhíriú ar phróisis cinnteoireachta. | • Leanadh den fhorbairt ar SharePoint Polasaithe BOO Chiarraí mar thaisce lárnach maidir le Polasaithe agus Gnáis uile BOO Chiarraí ar mhaithe le feabhas maidir le follasacht, comhleanúnachas agus scaipeadh eolais.<br>• Úsáid as SharePoint ag an bhfoireann ar fad a chothú go leanúnach ar mhaithe le dea-rialachas a thabhairt chun cinn trí eolas agus aird breise ar Pholasaithe agus ar Ghnáis Oibre BOO Chiarraí. |
| | | 6. Na córais faisnéise bainistíochta a fheabhsú ionas go soláthraítear sonraí reatha atá ábhartha cruinn ar fud na heagraíochta, ar mhaithe le feabhas maidir leis an bpleanáil, leis an soláthar seirbhísí agus le straitéis na heagraíochta a thabhairt i bhfeidhm. | • Leanadh d'fheabhas breise a chur ar SharePoint na bPolasaithe.<br>• Fágann córas éilimh páirtaimseartha ar líne DCS a thabhairt isteach gur féidir faisnéis bhainistíochta i bhfad níos fearr a chur ar fáil don eagraíocht. |

## An Roinn Seirbhísí Corparáide agus Forbraíochta Caipitil (CS&CD)

Tá Tograí Caipitil, Árachas, cúnamh riaracháin do Choistí Iniúchóireachta agus Airgeadais BOO Chiarraí, Saoráil Faisnéise, Cosaint Sonraí, Nochtadh Cosanta agus cúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta, Tuarascáil Bhliantúil BOO Chiarraí, Cód Rialachais nua na mBord Oideachais agus Oiliúna – Ciorclán 0002/2019 – a chur i bhfeidhm ar na príomhréimsí freagrachta a leagtar ar an Roinn CS&CD. Tá ar cheann de phríomhchuspóirí na Roinne a chinntiú, de réir mar a bhíonn acmhainní ar fáil chuige, go mbíonn gach foirgneamh de chuid an Bhoird oiriúnach don tseirbhís a chuirtear ar fáil ann agus go mbaineann BOO Chiarraí an leas is fearr is féidir as na háiseanna atá ar fáil.

## Ar éirigh leis an Roinn CS&CD a thabhairt i gcrích i rith na bliana 2018 ag teacht le Spriocanna Straitéiseacha BOO Chiarraí

| Sprioc | Fócas | A ndéanfar | A ndearnadh 2018 |
|---|---|---|---|
| **SPRIOC 3**<br>**Bearta Nuálacha Oideachais agus Oiliúna** | Seifteanna agus bearta den nuáil agus den chruthaitheacht a fhorbairt chun freastal ar riachtanais foghlama atá ag daoine óga agus ag daoine fásta i sochaí atá faoi shíorathrú. | 1. Freagairt go leanúnach d'athrú déimeagrafaíochta i gCiarraí agus an soláthar seirbhísí a phleanáil dá réir sin chomh mór agus is féidir. | **Athchumraíocht Scoileanna maidir le hIléagsúlacht**<br>• Rinne BOO Chiarraí, an t-údarás oideachais sa limistéar, an bhainistíocht ar an gcéim sonrúcháin – agus roghnaíodh an Neidín – an tSnaidhm mar limistéar píolótach.<br>• Rinne Cúram Leanaí Chontae Chiarraí suirbhéireacht i gceantar an Neidín agus na Snadhma<br>• Chuir BOO Chiarraí torthaí na suirbhéireachta faoi anailís ina dhiaidh sin agus cuireadh tuarascáil chuimsitheach le chéile faoin gcás maidir leis an limistéar píolótach le cur faoi bhráid an DoES. |
| **SPRIOC 5**<br>**Comhpháirtíochtaí Bisiúla a Fhorbairt** | Forbairt a dhéanamh ar chomhar páirtíochtaí nua agus feabhas a chur ar an gcomhar páirtíochta reatha le comhlachtaí ábhartha ar an leibhéal áitiúil, pobail, náisiúnta agus idirnáisiúnta d'fhonn an acmhainn is mó a thabhairt i gcrích. | 2. Leanúint den dlúthobair i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, le TUSLA, le SOLAS, le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) agus ETBI. | Leag an DoES cúram maidir leis na tograí caipitil seo a leanas ar BOO Chiarraí faoin scéim maidir le Mórthograí Tharmligthe:<br>• Scoil Náisiúnta Lios Teilic<br>• Ceapadh Meitheal Dearthóireachta<br>• Scoil Náisiúnta Naomh Oilibhéir - síneadh |
| **SPRIOC 6**<br>**Rannpháirtíocht Geallsealbhóirí** | Cumarsáid a dhéanamh le foghlaimeoirí, le baill foirne, le fostóirí, le comhpháirtithe, leis an bpobal agus le gníomhaireachtaí agus soláthraithe eile oideachais chun feabhas a chur ar cháilíocht, fócas agus ábharthacht ár gcuid seirbhísí. | 3. Leanúint den fhorbairt ar mhodhanna saincheaptha comhairliúcháin den uilechuimsitheacht leis na geallsealbhóirí ar fad agus dá gcur i bhfeidhm. | • Rinneadh athbhreithniú ar Chairt an Chustaiméara agus d'aontaigh Bord BOO Chiarraí an leagan leasaithe.<br>• Rinneadh láithreán gréasáin BOO Chiarraí a bhreithniú agus cuireadh próiseas tairisceana maidir le hathfhorbairt air chun cinn.<br>• Eagraíodh Lá Foirne OS&D i mí Meithimh le fóram Cumarsáide ar an gclár oibre.<br>• Rinneadh anailís riachtanais maidir le hoiliúint sábháilteachta i gcomhairle le foireann uile BOO Chiarraí agus cuireadh tús le plean oiliúna faoi chúrsaí sábháilteachta don bhliain scoile 2018-2019. |

| Sprioc | Fócas | A ndéanfar | A ndearnadh 2018 |
|---|---|---|---|
| **SPRIOC 6**<br>**Rannpháirtíocht Geallsealbhóirí** | Cumarsáid a dhéanamh le foghlaimeoirí, le baill foirne, le fostóirí, le comhpháirtithe, leis an bpobal agus le gníomhaireachtaí agus soláthraithe eile oideachais chun feabhas a chur ar cháilíocht, fócas agus ábharthacht ár gcuid seirbhísí. | 5. Leanúint d'úsáid a bhaint as an aiseolas ó gheallsealbhóirí mar lón eolais maidir le cineálacha na seirbhísí a chuirtear ar fáil agus feabhas a chur ar an soláthar reatha. | • Tugadh faoi phróiseas forleathan comhairliúcháin le comhaltaí an bhoird, tuismitheoirí, baill foirne agus daltaí, foghlaimeoirí agus páirtnéirí seachtracha i ndáil le Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí a chur le chéile.<br>• Mar gheall ar thuairimí a cuireadh i láthair ag Fóram Cumarsáide i rith Lá Foirne OS&D, rinneadh Plean Forfheidhmiúcháin Cumarsáide a fhorbairt d'fhonn feabhas ar an gcumarsáid. |
| | | 8. Caidreamh éifeachtach a chothú leis an bhfoireann ionas go bhfeabhsaítear caighdeán na seirbhíse, go gcuirtear leis an inniúlacht agus leis an acmhainn feidhme agus go mbaintear barr feabhais amach maidir leis an mbealach a bpléitear le daoine. | • Bhí cur i láthair maidir le Sárseirbhís ó Shárfhostaithe mar chuid den Lá Foirne OS&D. Cuireadh critéir cumarsáide i bhfeidhm maidir le Plean Forfheidhmiúcháin Cumarsáide a chur ar bun. |
| **SPRIOC 7**<br>**Éifeachtacht agus Cuntasacht i gcúrsaí Rialachais agus Ceannaireachta** | A chinntiú go mbíonn na próisis bainistíochta agus riaracháin ina mbonn treise faoi na haidhmeanna straitéise a thabhairt i gcrích agus na caighdeáin is airde cuntasachta, comhlíontais agus follasachta á mbaint amach. | 1. Athbhreithniú a dhéanamh maidir leis an gcumarsáid inmheánach reatha, straitéis chomhleanúnach maidir leis an gcumarsáid inmheánach a fhorbairt agus a chaomhchóiriú trína ndéantar na spriocanna straitéiseacha a chur in iúl, struchtúir eagrúcháin, róil agus freagrachtaí ar gach leibhéal a shoiléiriú agus aird a dhíriú ar phróisis cinnteoireachta. | Forbairt leanúnach ar Pholasaithe agus ar Ghnáis oibre chun gnáis chaighdeánacha a thabhairt i bhfeidhm agus éifeachtacht agus cuntasacht i gcúrsaí Rialachais agus Ceannaireachta a chinntiú:<br>• SharePoint Polasaithe BOO Chiarraí a fhorbairt mar thaisce lárnach maidir le Polasaithe agus Gnáis uile BOO Chiarraí.<br>• Leanadh de mheamraim ón CEO a eisiúint le Bainisteoirí Líne chun Polasaithe agus Gnáis Oibre a mhíniú agus aird a tharraingt ar athrú gnáis.<br>• Baintear úsáid freisin as Meamraim ón CEO le Bainisteoirí Líne a spreagadh chun plé a dhéanamh ar na Polasaithe agus ar na Gnáis Oibre a thugtar chun cinn agus chun an tuiscint ina leith a thástáil, eolas orthu a chothú agus féachaint le tuairimí lucht na foirne ina leith a fháil.<br>• Cuireadh cáipéis le chéile maidir le Rólanna agus Cúraimí Sláinte agus Sábháilteachta. |
| | | 2. Athbhreithniú agus feabhsú a dhéanamh ar chórais agus ar phróisis chun cur le héifeachtúlacht na heagraíochta agus leis an gcumarsáid a dhéantar leis na geallsealbhóirí go léir. | • Leasú ar na Polasaithe agus na Gnáis Oibre maidir le Cosaint Sonraí agus a n-aontú ag an mBord.<br>• Bainistíocht maidir Sárú Rialacha i ndáil le Sonraí<br>• Bainistíocht Taifead agus Sceideal Coimeádta<br>• Polasaí agus Gnás Oibre maidir le Teilifís Chiorcaid Iata (CCTV) sa Cheannoifig<br>• Polasaí agus Gnás Oibre maidir le CCTV do na Scoileanna / Ionaid<br>• An Polasaí maidir le Cosaint Sonraí<br>• Prótacal sa chás go dtarlaíonn Sárú ar rialacha maidir le Sonraí<br>• Nuachtlitir maidir le Cosaint Sonraí gach ráithe |

| Sprioc | Fócas | A ndéanfar | A ndearnadh 2018 |
|---|---|---|---|
| **SPRIOC 7**<br>**Éifeachtacht agus Cuntasacht i gcúrsaí Rialachais agus Ceannaireachta** | A chinntiú go mbíonn na próisis bainistíochta agus riaracháin ina mbonn treise faoi na haidhmeanna straitéise a thabhairt i gcrích agus na caighdeáin is airde cuntasachta, comhlíontais agus follasachta á mbaint amach. | 5. Cur leis an gcumas pleanála maidir le hacmhainní agus leis an gcumas bainistíochta maidir le cúrsaí oibriúcháin ar gach leibhéal den eagraíocht. Bainfear leas as oiliúint agus as forbairt ghairmiúil leanúnach agus as struchtúir eagrúcháin níos oiriúnaí. | • Cuireadh oiliúint i ndáil leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) a chur ar fáil don lucht bainistíochta ar fad i mí Deireadh Fómhair.<br>• Spreagadh an lucht foirne chun leas a bhaint as Oiliúint ar líne GDPR á chur ar fáil ag ETBI agus rinneadh monatóireacht ar an úsáid.<br>• Rinneadh Cairt Eagraíochta maidir le cúrsaí Sábháilteachta a fhorbairt ina leagtar amach an córas tuairiscíochta agus comhairliúcháin i ndáil le ceisteanna sábháilteachta.<br>• Rinneadh na rólanna agus na cúraimí sláinte agus sábháilteachta a leagan amach go mion agus a thabhairt san áireamh mar chuid de ráiteas sábháilteachta BOO Chiarraí.<br>• Cuireadh Oiliúint maidir le Cúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta ar fáil<br>• Oiliúint i gcúrsaí sábháilteachta ar Mhúinteoirí Adhmadóireachta agus Miotalóireachta i ndáil le gnéithe faoi leith den phost sin agus oiliúint maidir le láimhseáil agus ionramháil ábhair |
| **SPRIOC 8**<br>**Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid** | Margaíocht éifeachtúil a dhéanamh ar na seirbhísí, an branda a fhorbairt agus cumarsáid a dhéanamh leis na geallsealbhóirí go léir. | 2. Feidhm cumarsáide faoi leith a bhunú laistigh de BOO Chiarraí d'fhonn feabhas ar an gcumarsáid inmheánach agus sheachtrach. | Ceapadh Oifigeach Margaíochta agus Cumarsáide faoi leith chun feabhas a chur ar an gcumarsáid inmheánach agus sheachtrach. |
| | | 3. Straitéis margaíochta agus caidrimh phoiblí a fhorbairt do BOO Chiarraí chun fógraíocht, brandáil agus earcaíocht foghlaimeoirí a fheabhsú. | Ceapadh Oifigeach Margaíochta agus Cumarsáide faoi leith i mí Márta 2018 mar chuid den Straitéis maidir le feabhas ar chúrsaí fógraíochta agus brandála.<br>Cuireadh alt maidir le scoileanna uile BOO Chiarraí ar na meáin áitiúla ar fad i rith Sheachtain na Scoileanna. Tar éis cruinnithe pleanála a eagrú leis na meáin áitiúla, bíonn alt seachtainiúil ag BOO Chiarraí ar fud na n-ardán ar fad. |
| | | 4. Scéim Teanga Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí a chur i bhfeidhm. | Cuireann BOO Chiarraí seirbhís ar fáil i nGaeilge nuair a iarrtar sin. Déantar na foilseacháin a chur i gcló i nGaeilge agus i mBéarla. Cuirtear ranganna Gaeilge ar fáil don fhoireann. Tá coiste stiúrtha Gaeilge curtha ar bun chun plé a dhéanamh ar mhodhanna inar féidir úsáid na Gaeilge i measc na ndaltaí/foghlaimeoirí agus bhaill na foirne a fheabhsú, a spreagadh agus a chothú. |

| Sprioc | Fócas | A ndéanfar | A ndearnadh 2018 |
|---|---|---|---|
| **SPRIOC 8**<br>**Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid** | | 5. Straitéis a thabhairt chun cinn maidir le húsáid níos éifeachtaí as teicneolaíocht na meán sóisialta ar mhaithe leis an eagraíocht a bhrandáil agus a chur chun cinn. | Bhain an tOifigeach nua Cumarsáide agus Margaíochta leas as ardáin éagsúla de chuid na meán sóisialta chun gnéithe uile chláir gníomhaíochta na scoileanna/n-ionad a chur chun cinn an tráth a raibh siad ar siúl. Cuireadh an obair athdhearthóireachta ar láithreán gréasáin BOO Chiarraí amach ar tairiscint agus cuireadh tús leis an obair i mí Lúnasa 2018. Tá sé le seoladh i rith an ráithe tosaigh den bhliain 2019. Eagraíodh cruinnithe foirne chun aird a dhíriú ar an mbéim nua ar fhógraíocht agus ar bhrandáil agus spreagtar na baill foirne ar fad 'tagáil' a dhéanamh ar an BOO maidir le postáil a bhaineann le hábhar. |
| | | 9. An cur chuige forghinearálta maidir leis an gcumarsáid inmheánach agus sheachtrach a fheabhsú. | • Eagraíodh Lá Foirne OS&D i mí Meithimh le plé ar fhóram Cumarsáide ar chlár an lae.<br>• Lorgaíodh léiriú spéise maidir le ballraíocht i nGrúpa Cumarsáide OS&D.<br>• Cuireadh an Brainse Cumarsáide le SharePoint Polasaí BOO Chiarraí.<br>• Rinneadh láithreán gréasáin BOO Chiarraí a bhreithniú agus cuireadh próiseas tairisceana maidir le hathfhorbairt air chun cinn. |
| **SPRIOC 9**<br>**An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú** | Forbairt agus feabhsú leanúnach ar na deiseanna oiliúna agus forbartha agus ar na háiseanna atá ar fáil don fhoireann ionas go bhfeabhsaítear an timpeallacht ina n-oibríonn baill na foirne agus ina bhfoghlaimíonn foghlaimeoirí | 2. Athbhreithniú eagraíochta a dhéanamh lena ndíreofar ar pholasaithe, ar chórais agus ar rólanna ionas go gcinntítear iad a bheith ag teacht go maith le straitéis oideachais agus oiliúna Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí. | • Rinneadh athbhreithniú agus leasú nó dréachtadh as an nua ar 21 Polasaí agus Gnás Oibre i rith na bliana 2018.<br>• Rinneadh seacht gcinn déag de mheamraim ón CEO a chur le chéile agus a scaipeadh. |
| | | 6. An úsáid is mó agus is fearr is féidir a bhaint as áiseanna BOO Chiarraí agus tabhairt faoi iniúchadh rialta maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta ionas go mbíonn an timpeallacht oibre agus foghlama ar chaighdeán chomh maith agus is féidir. | • Rinneadh iniúchadh sláinte agus sábháilteachta ar áitribh uile BOO Chiarraí. Cuireadh plean gníomhaíochta le chéile agus cuireadh córas tuairiscíochta ar bun don mhonatóireacht ar bhearta feabhais maidir le cúrsaí sábháilteachta san eagraíocht. |

## Clár Caipitil / Tógála BOO Chiarraí

| Sprioc | Fócas | A ndéanfar |
|---|---|---|
| **SPRIOC 2**<br>**Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán** | Feabhas leanúnach a chur ar an acmhainn teagaisc agus foghlama agus cultúr a chur chun cinn lena mbaineann feabhas leanúnach agus foghlaim eagraíochta ionas go mbíonn muinín ag gach geallsealbhóir as ardchaighdeán agus ábharthacht na gclár agus na gcúrsaí. | 9. A chinntiú gur féidir le gach mac léinn agus foghlaimeoir de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí foghlaim a dhéanamh i dtimpeallacht foghlama atá sábháilte nua-aimseartha. |
| **SPRIOC 9**<br>**An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú** | Forbairt agus feabhsú leanúnach ar na deiseanna oiliúna agus forbartha agus ar na háiseanna atá ar fáil don fhoireann ionas go bhfeabhsaítear an timpeallacht ina n-oibríonn baill na foirne agus ina bhfoghlaimíonn foghlaimeoirí | 5. A chinntiú, de réir na n-acmhainní atá ar fáil, go bhfuil foirgnimh uile an Bhoird oiriúnach do na seirbhísí a chuirtear ar fáil iontu.<br>9. Tús áite a thabhairt do thionscadail caipitil/tógála a chuidíonn le comhtháthú breise maidir le Cláir Breisoideachais agus Oiliúna a chur ar fáil. |

## Obair na bliana 2018 - Cuireadh na Tograí seo chun cinn i rith na bliana 2018:

| |
|---|
| **Coláiste Gleann Lí** |
| Síneadh leis an scoil maidir le hAonad ASD dhá sheomra ranga le maoiniú á chur ar fail ag an DoES faoin Scéim maidir le Cóiríocht Bhreise |
| **Coláiste Breisoideachais Chiarraí (KCFE) / Campas Lár an Bhaile Mhóir** |
| Campas nua Lár an Bhaile Mhóir a fhorbairt agus a fheistiú i Sráid Deiní, Trá Lí |
| Síneadh leis an gcarrchlós atá suite ar chúl Champas na Claise ionas go ndéantar freastal do spásanna páirceála do dhaltaí |
| KCFE agus Coláiste Gleann Lí a dhealú óna chéile ionas go mbíonn dhá eintiteas faoi leith ar fail, i.e. soláthar den ghnathchineál agus soláthar PLC |
| Saotharlann Eolaíochta agus Stór a dhearadh, a athchóiriú agus a fheistiú ar Champas na Claise |
| **Coláiste Pobail Oileán Chiarraí** |
| Obair athchóiriúcháin maidir le Saotharlann nua Eolaíochta a chur ar fáil |
| Páirc imeartha nua AstroTurf ar chúl na scoile.  Fiontar i gcomhar a bhí anseo idir BOO Chiarraí agus Castleisland AFC |
| **Scoil Chuimsitheach an Tóchair** |
| Obair athchóiriúcháin agus forfheabhsú trealaimh maidir leis an Seomra Miotalóireachta / Innealtóireachta |
| **Coláiste na Sceilge, Cathair Saidhbhín** |
| Forfheabhsú ar chóras teasa na scoile |
| **Gaelcholáiste Chiarraí Nua** |
| Cuireadh tús le hObair Fheabhsúcháin ar an Láithreán |
| Fuarthas aontú na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le dul ar aghaidh go dtí Céim 2B lena mbaineann Dearadh Mionsonraithe agus Cáipéisíocht maidir le Cead Pleanála agus Tairiscintí) |
| **Coláiste Pobail Chill Airne** |
| Cuireadh an togra a bhaineann le síneadh Aonad ASD dhá sheomra ranga leis an scoil chun cinn |
| Obair dheisiúcháin ar dhíon na scoile agus ar an ngiomnáisiam |
| **Coláiste na Ríochta** |
| Obair maidir le malairt coire a chur isteach |
| Obair maidir le hÁisiúlacht don Uile Dhuine lena mbaineann doirse agus scáthláin uathoibreacha, leibhéaladh ar an gcosán isteach agus rampa |
| **Ógtheagmháil Thrá Lí** |
| Obair bheag athchóiriúcháin |
| **Ógtheagmháil Lios Tuathail** |
| Ionad nua a fheistiú |
| **Ionad Breisoideachais & Oiliúna an Neidín** |
| Cistin don Oiliúint Ghairmiúil a fhorbairt don Phrintíseacht nua Commis Chef |
| **Pobalscoil Náisiúnta an Dá Mhíle** |
| Láthair súgartha AstroTurf a fhorbairt |

CUID 5

# *Rialachas Corparáide agus Cúrsaí Airgeadais*

# *Rialachas Corparáide agus Cúrsaí Airgeadais*

Rinneadh an chéad Ráiteas Straitéise de chuid BOO Chiarraí a chur le chéile i rith na bliana 2017 agus a sheoladh i mí Márta 2018. Bhain próiseas cuimsitheach comhairliúcháin leis an Straitéis a chur i dtoll a chéile a bhí bunaithe ar ghrúpaí fócais a raibh comhaltaí boird BOO Chiarraí, na Boird Bainistíochta, bainisteoirí, baill foirne agus tuismitheoirí páirteach ann. Cuireadh suirbhé ar líne ar fáil do na daltaí agus do na foghlaimeoirí. Chuathas i gcomhairle freisin le páirtnéirí pobail agus lorgaíodh tuairimí faoin dréacht den straitéis.

## An tacht um eitic in oifigí poiblí 1995 agus an tacht um chaighdeáin in oifigí poiblí 2001

Tá dlite ar chomhaltaí an bhoird agus ar bhaill ainmnithe den fhoireann Nochtadh Leasanna a chur ar fáil gach bliain maidir le ceisteanna a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm go hábhartha ar dhéanamh na bhfeidhmeanna. Rinneadh gach Nochtadh i ndáil leis an mbliain 2017 a líonadh isteach agus, nuair ba chuí sin, a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

## Struchtúr An Bhoird

Leagtar comhaltaí boird BOO Chiarraí amach mar seo a leanas:

- 12 Ionadaí de chuid an Údaráis Áitiúil
- 2 Ionadaí de chuid na dTuismitheoirí
- 2 Ionadaí de chuid na Foirne
- 5 Chomhalta Sainleasa

Tá sceideal foirmeálta d'fheidhmeanna forchoimeádta a leagtar ar an mBord faoi Alt 12 den Acht um BOO 2013. An Feidhmeannas atá freagrach as pleananna a chur i bhfeidhm, as an ngnáthbhainistíocht ó lá go lá agus as na feidhmeanna sin nach bhfuil forchoimeádta don Bhord.

Tionóladh deich gcinn de chruinnithe de chuid Bhord BOO Chiarraí i rith na bliana 2018. Rinneadh rolla tinrimh a choimeád. Leagtar amach tuairisc ar fhreastal na gComhaltaí ar na Cruinnithe Boird ar leathanachpage 54 den tuarascáil seo chomh maith le sonraí faoi chostais. Cuireadh clár an chruinnithe agus doiciméid eile ar fáil do na comhaltaí roimh ré. Déantar miontuairiscí a choimeád agus a aontú i ndáil leis na cruinnithe BOO agus déantar gach cur i láthair a dhéantar os comhair na gcruinnithe a scaipeadh go leictreonach ar na Comhaltaí ina ndiaidh mar lón tagartha. Cuirtear miontuairiscí na gCruinnithe Boird ar fáil freisin ar láithreán gréasáin BOO Chiarraí.

## Coistí

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus Coiste Airgeadais curtha ar bun ag an mBord de réir mar a éilítear faoi Alt 45 den Acht BOO 2013.

## An Coiste Iniúchóireachta Agus Riosca

| Comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca 2018 | |
|---|---|
| Maria O'Gorman Uasal | BOO Chiarraí |
| An Comh. Niall Kelleher | BOO Chiarraí |
| Donal Fitzgibbon Uasal – Cathaoirleach | Seachtrach |
| John O'Connor Uasal | Seachtrach |
| Tim Buckley Uasal | Seachtrach |
| Ted Fitzgerald Uasal | Seachtrach |

## CRUINNITHE – Tionóladh cruinniú den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar na dátaí seo a leanas i rith na bliana 2018:

| | |
|---|---|
| 15/01/2018 | 06/09/2018 |
| 15/03/2018 | 30/10/2018 |
| 29/03/2018 | 06/11/2018 |
| 12/06/2018 | 07/12/2018 |

## TUAIRISCÍ – Chuir an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tuairiscí faoi bhráid Bhord BOO Chiarraí ar na dátaí seo a leanas i rith na bliana 2018:

- 22/01/18, tuairisc dar dáta an 04/12/17
- 04/12/18, tuairiscí dar dáta an 11/06/18, an 25/09/18 agus an 04/12/18
- 26/02/19 (tuairisc bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta i leith na bliana 2018)

## An Coiste Airgeadais

| Comhaltaí an Choiste Airgeadais 2018 | |
|---|---|
| John O'Connor Uasal – Cathaoirleach | Seachtrach |
| An Comh. Séamus Cosaí Fitzgerald | BOO Chiarraí |
| An Comh. Jim Finucane | BOO Chiarraí |
| An Comh. Jimmy Moloney | BOO Chiarraí |
| Hilary Scanlan Uasal | External *– d'éirigh as oifig an 12/11/18* |
| An Comh. Norma Moriarty | *BOO Chiarraí –ceapadh an 4/12/18* |

## CRUINNITHE – Tionóladh cruinniú den Choiste Airgeadais ar na dátaí seo a leanas i rith na bliana 2018:

| |
|---|
| 21/02/2018 |
| 28/03/2018 |
| 27/11/2018 |

## TUAIRISCÍ – Chuir an Coiste Airgeadais tuairiscí faoi bhráid Bhord BOO Chiarraí ar na dátaí seo a leanas i rith na bliana 2018:

- 10/04/2018, tuairisc dar dáta an 26/03/2018
- 04/12/2018, tuairiscí dar dáta an 09/10/2018 & an 27/11/2018

## Tuairisc Bhliantúil Maidir Le Nochtadh Cosanta 2018

Tháinig an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 i bhfeidhm ar 15 Iúil 2014. Foráiltear faoin Acht do chreat oibre trínar féidir le hoibrithe ábhar buartha maidir le mí-obair atá tugtha faoi deara acu san ionad oibre a chur in iúl ar an tuiscint go mbeidh cosaint ar fáil acu sa chás go ngearrann an fostóir píonós orthu as ucht sin a dhéanamh nó go mbítear thíos leis ar bhealach ar bith.

Tá polasaí curtha i bhfeidhm ag BOO Chiarraí arb é toradh a bheidh air, in éineacht leis an reachtaíocht, oibrithe a spreagadh chun aon mhí-obair measta a chur in iúl agus a fhios acu go bpléifear go dáiríre leis an ábhar imní agus go ndéanfar imscrúdú ina leith, de réir mar is cuí sin, agus go mbeidh meas ar chúrsaí rúndachta ina leith.  Tugtar ar aird sa pholasaí go bhfuil sé cuí i gcónaí imní a thabhairt chun solais nuair atá sin bunaithe ar thuairim réasúnach beag beann a n-aithnítear ina dhiaidh sin go raibh éagóir á dhéanamh.  Tugtar treoir do na hoibrithe sa pholasaí freisin maidir le modhanna chun imní a chur in iúl.

Faoi mar atá dlite ar an mBord faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, dearbhaíonn BOO Chiarraí nach ndearnadh aon nochtadh cosanta roimh dheireadh na bliana 2018.  Dá réir sin, ní raibh gá aon bheart a dhéanamh i ndáil le Nochtadh Cosanta.

## Pá An Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin Agus Pá Na Stiúrthóirí

I gcomhréir leis na scálaí pá atá ceadaithe ag an DoES, bhí tuarastal an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin cothrom le €121,908 (gan PRSI a áireamh) i rith na bliana go dtí an 31 Nollaig  2018. Íocadh € 2,638.62 freisin mar rannchuid PRSI an fhostóra.

Níor thaistil an CEO thar lear maidir le gnó BOO i rith an tréimhse faoi chaibidil.

Tá an CEO ina bhall de Scéim Aoisliúntais sochair shainithe neamh-mhaoinithe de chuid na hearnála poiblí agus níl na teidlíochtaí pinsin dá bharr sin níos mó ná na teidlíochtaí caighdeánacha atá ar fáil faoin scéim.

Is iad na bainisteoirí príomhthábhachta i mBord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Stiúrthóir Scoileanna, Óige agus Ceoil, an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna agus an Stiúrthóir maidir le Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta.

I gcomhréir leis na scálaí pá atá ceadaithe ag an DoES, bhí tuarastail na Stiúrthóirí mar seo a leanas: the Directors' salaries were as follows: an Stiúrthóir Scoileanna, Óige agus Ceoil €103,228.32 (PRSI an Fhostóra €10,368.75), an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna €95,166.96 (PRSI an Fhostóra €9,585.92) agus an Stiúrthóir maidir le Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta €101,100.42 (PRSI an Fhostóra €10,162.09).

## Costais Chomhaltaí An Bhoird

I gcomhréir lena n-éilítear faoi Chiorclán 0018/2015 ón DoES, leagtar amach sa tábla seo a leanas costais Chomhaltaí BOO Chiarraí agus na cruinnithe ar ar fhreastail siad.

| An Comhalta Boird | Cruinnithe Reachtúla | Boird Agallaimh | Freastal ar Chomhdhálacha / Seimineáir | Eile | Iomlán | Líon na gCruinnithe Boird |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € | |
| An Comh. Jim Finucane (Cath.)* | 32 | 1,583 | 1,191 | 5,334 | 8,140 | 10 |
| Joseph Brennan Uasal | 104 | | | | 104 | 3 |
| An Comh. Michael Cahill | 273 | | 536 | 301 | 1,110 | 7 |
| An Comh. Pa Daly | | | | | 0 | 10 |
| An Comh. Seámus Cosaí Fitzgerald | 258 | | | | 258 | 2 |
| An Comh. John Francis Flynn | 98 | | | | 98 | 3 |
| An Comh. Norma Foley | | | | | 0 | 8 |
| Maria O'Gorman Uasal | 676 | 2,945 | 839 | 134 | 4,594 | 8 |
| Noel Keenan Uasal | 591 | | 652 | 1,828 | 3,071 | 10 |
| An Comh. Niall Kelleher | 371 | | | | 371 | 6 |
| MaryAnn Slattery Uasal | 98 | | | | 98 | 8 |
| Bríd McElligott Uasal | | | | | 0 | 5 |
| Mary McGillycuddy Uasal | 1,109 | 1,044 | | 298 | 2,451 | 6 |
| An Comh. Norma Moriarty | 1,390 | 3,709 | | 108 | 5,207 | 9 |
| An Comh. Jimmy Moloney | 319 | 1,595 | 545 | | 2,459 | 7 |
| Eugene Moriarty Uasal | 188 | 2,017 | | | 2,205 | 8 |
| An Comh. Terry O'Brien | 239 | 147 | | 6 | 392 | 5 |
| Michael O'Mahony Uasal | 270 | | 517 | 240 | 1,027 | 9 |
| An Comh. Damien Quigg | 145 | 322 | 525 | | 992 | 5 |
| An Comh. Aoife Thornton | | | | | 0 | 6 |
| Francisse Walsh Uasal | 48 | | 656 | 1,763 | 2,467 | 10 |
| **Iomlán** | **6,209** | **13,362** | **5,461** | **10,012** | **35,044** | |

*Bhí an Comh. Jim Finucane ina chomhalta d'Fhóram Chomhaltaí Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann i rith na bliana 2018

Fuair Leonard O'Donnell Uasal, ionadaí foirne ar bhord BOO Chiarraí bás Dé Máirt an 12 Nollaig 2017 agus eagraíodh toghchán i mí Meitheamh 2018 chun ball fireann eile de chuid na foirne a cheapadh. Rinneadh dá thoradh sin an tUasal Joe Brennan a cheapadh ar an mbord Dé Céadaoin an 13 Meitheamh 2018.

## Feidhmiú An Bhoird

*Feidhmeanna Forchoimeádta agus Feidhmeanna Feidhmiúcháin*

Leagtar amach san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 an dealú idir a leagtar de fhreagracht ar an mBord agus a leagtar de chúram ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin.

*Feidhmeanna Forchoimeádta – arna ndéanamh ag Bord BOO Chiaraí*

Tá Bord BOO Chiarraí (comhaltaí den BOO arna dtoghadh agus arna gceapadh) freagrach in éineacht as stiúradh agus rialú na heagraíochta mar is cóir. Leagtar amach in Alt 12 den Acht BOO an sceideal foirmeálta de nithe a fhorchoimeádtar ag an mBord maidir le cinneadh nó aontú ina leith. Faoi réir ag alt 44 agus alt 45 den Acht BOO 2013, an Bord a dhéanfaidh, trí rún á rith ag na comhaltaí, na feidhmeanna sin a dhearbhaítear san Acht BOO nó faoin Acht BOO a bheith ina bhfeidhmeanna forchoimeádta.
Éilítear ar chomhaltaí an bhoird breithiúnas neamhspleách lán eolais a oibriú maidir le ceisteanna straitéise, feidhmíochta, acmhainní agus caighdeáin iompair.

*Feidhmeanna Feidhmiúcháin – arna ndéanamh ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin*

Faoi réir alt 13 den Acht BOO 2013, is feidhm feidhmiúcháin de chuid an bhoird gach feidhm de chuid an BOO nach feidhm fhorchoimeádta í. Tá ceangailte ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, le linn feidhm feidhmiúcháin a dhéanamh, déanamh i gcomhréir leis na polasaithe atá i bhfeidhm an tráth sin ag an mbord oideachais agus oiliúna ag a bhfuil sé nó sí ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Éilítear faoi Alt 15 den Acht BOO 2013 go gcuireann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin gach eolas ar fáil don bhord, maidir le déanamh a chuid nó a cuid feidhmeanna, a bheadh de dhíth ó thráth go chéile ar an mbord. Cuirfidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin gach eolas maidir le déanamh a chuid nó a cuid feidhmeanna ar fáil don Aire a iarrann an tAire ó am go chéile. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin freagrach don bhord as déanamh a chuid nó a cuid feidhmeanna.

*Feidhmeanna a tharmligean ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin*

Faoi Alt 16 den Acht BOO, is féidir leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha sin a mheasann an CEO a bheith oiriúnach agus faoi réir aon treoir a thugann an tAire, aon chuid d'fheidhmeanna an CEO a tharmligean i scríbhinn do bhall sonrach d'fhoireann an bhoird, agus beidh an ball foirne sin cuntasach don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin as déanamh na bhfeidhmeanna a tharmligtear ar an gcaoi sin.

## Straitéis Airgeadais

Tá d'aidhm leis an bhfeidhm Airgeadais cuidiú leis an mBord na haidhmeanna a leagtar amach sa Phlean Seirbhíse a thabhairt i gcrích de réir an bhuiséid. Áirítear ar an gcúnamh taca maidir leis an bhFeidhm Airgeadais, cúnamh taca maidir le cinntí a dhéanamh, rialáil corparáide i ndáil le cistí poiblí, próiseáil ar idirbhearta agus cuntasacht faoin reachtaíocht.

## Cuntasacht Faoin Reachtaíocht

Tá coinníollacha diana cuntasachta i bhfeidhm maidir le BOO Chiarraí. Áirítear ar na coinníollacha sin ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú ar an gcuma a fhorordaíonn an tAire Oideachais agus Scileanna le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus iniúchadh ar na cuntais sin ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta, Cuntas Oibriúcháin, Ráiteas faoi Shócmhainní Reatha agus faoi Dhliteanas Reatha ina gcuid de n cuntais sin chomh maith le nótaí leis na ráitis airgeadais.
Tá córais maidir le rialú airgeadais ar bun ionas go gcinntítear na coinníollacha sin a shásamh agus na haidhmeanna a leagtar amach a thabhairt i gcrích go héifeachtúil. Comhlíonann BOO Chiarraí gach dualgas maidir le dlí an chánachais agus cinntítear go n-íoctar gach dliteanas cánach ar an dáta atá dlite nó roimhe sin, faoi mar a leagtar amach in Alt 27 den Chód Rialachais maidir le Boird Oideachais agus Oiliúna.

## Achoimre Maidir Le Cúrsaí Airgeadais

An DoES den chuid is mó a dhéanann maoiniú ar BOO Chiarraí i ndáil leis an soláthar iarbhunscolaíochta a thabhairt i gcrích agus SOLAS agus an DoES den chuid is mó i ndáil le cláir breisoideachais agus cláir oiliúna.

## Bronntanais

Níor tugadh aon bhronntanas do BOO Chiarraí i rith na bliana 2018.

## Bord Oideachais & Oiliúna Chiarraí
## Ráiteas Oibriúcháin
## don Bhliain Dár Críoch 31 Nollaig 2018

| | Bliain Dár Críoch 31/12/2018 € |
|---|---:|
| **ADMHÁLACHA** | |
| Deontais Iarbhunscoileanna & na Ceannoifige | 26,911,065 |
| Deontais Bunscoileanna | 20,780 |
| Deontais Breisoideachais agus Oiliúna | 27,680,559 |
| Deontais Seirbhísí Tacaíochta Mac Léinn | 5,310 |
| Deontais Seirbhísí Óige | 340,527 |
| Gníomhaireachtaí & Tograí Féinmhaoinithe | 3,091,438 |
| Deontais Chaipitil | 1,354,426 |
| Comhfhiontar | – |
| | 59,404,105 |
| **ÍOCAÍOCHTAÍ** | |
| Iarbhunscoileanna & An Cheannoifig | 26,615,399 |
| Íocaíochtaí Bunscoileanna | 39,143 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | 27,952,715 |
| Seirbhísí Tacaíochta Mac Léinn | 1,905 |
| Seirbhísí Óige | 343,992 |
| Gníomhaireachtaí &Tograí Féinmhaoinithe | 3,334,668 |
| Caipiteal | 2,489,934 |
| Comhfhiontar | – |
| | 60,777,756 |
| **Farasbarr airgid / ( Easnamh) na Bliana** | (1,373,651) |
| **Gluaiseacht i nGlansócmhainní Reatha Eile** | 1,531,853 |
| **Farabarr Ioncaim Dlite /(Easnamh) na Bliana** | 158,202 |
| **Farasbarr Ioncaim / (Easnamh) ag 01/01/2018** | (122,197) |
| **Farasbarr Ioncaim / (Easnamh) ag 31/12/2018** | 36,005 |

## Ráiteas an Chathaoirligh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna de bhun Alt 6.8 den Chód Rialachais maidir le Boird Oideachais agus Oiliúna (Ciorclán 0002/2019)

Cuirimse, an Comh. Jim Finucane, i mo Chathaoirleach dom ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí, an tuarascáil seo a leanas faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna, Joe McHugh Uasal, T.D., i gcomhréir le forálacha Chiorclán 0002/2019 (Cód Rialachais maidir le Boird Oideachais agus Oiliúna).

Déanaim dearbhú mar seo a leanas, de réir mar is fearr is eol dom agus de réir mar a chreidim, thar ceann Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí i ndáil leis an mbliain dár críoch an 31 Nollaig 2018.

1. Admhaím a leagtar de dhualgas ar an mBord faoin reachtaíocht maidir leis na Ráitis Airgeadais. Rinneadh na hidirbhearta ar fad de chuid an BOO i rith na bliana 2018 a léiriú go cuí agus a lua sna taifid chuntasaíochta. Tugtar iomlán na bhfáltas agus an chaiteachais a bhaineann le beartaíocht uile an BOO i rith na tréimhse faoi chaibidil san áireamh leis an Dréacht de Ráitis Airgeadais i leith na tréimhse dár críoch an 31 Nollaig 2018.

2. Níor tharla cor ná eachtra ar bith idir dáta an Dréacht de Ráitis Airgeadais agus dáta na Tuarascála seo i ndáil le hábhar a d'fhágfadh gur ghá coigeartú a dhéanamh nó a lua sna Ráitis Airgeadais nó a fhoilsiú trí mheán eile seachas an méid atá curtha in iúl.

3. Chloígh Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí le gach gné de chomhaontuithe conartha a bhféadfadh cur isteach ábhartha a bheith acu ar na Ráitis Airgeadais.

4. Dearbhaím nár tharla aon chor suntasach maidir le cúrsaí airgeadais a chuirfeadh isteach ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí i ndáil leis an mbliain airgeadais dár críoch an 31 Nollaig 2018.

5. Dearbhaím go ndearnadh de réir gach gnás oibre cuí maidir le tuairiscíocht airgeadais, iniúchadh inmheánach, taisteal, soláthar agus diúscairt sócmhainní.

6. Tá Ráiteas faoin gCóras maidir le Rialáil Inmheánach ina chuid den Dréacht de na Ráitis Airgeadais maidir leis an tréimhse dár críoch an 31 Nollaig 2018. D'aontaigh Bord Bainistíochta Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí an Ráiteas faoin gCóras maidir le Rialáil Inmheánach ar an 29 Márta 2019.

7. Ní dhearnadh aon idirbheart airgeadais seachas a bhfuil ar an gClár Comhardaithe i rith na bliana airgeadais dár críoch an 31 Nollaig 2018.

8. Dearbhaím go bhfuil na Cóid Iompair do chomhaltaí an Bhoird agus do bhaill na foirne curtha ar bun agus go bhfuiltear ag cloí leo.

9. Dearbhaím go bhfuiltear ag cloí le polasaí an Rialtais maidir le cúrsaí pá.

10. Dearbhaím go bhfuiltear ag cloí le Treoirlínte an Rialtais maidir le táillí chomhaltaí an Bhoird a íoc.

11. Dearbhaím nár tharla aon chor nua ó dháta an Chláir Comhardaithe. Níor tugadh faoi idirbhearta go gairid roimh an dáta cuntasaíochta le rún iad a oibriú droim ar ais gairid i ndiaidh an dáta sin ionas nach mbeadh léargas cruinn cóir ar riocht ghnóthaí Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí á chur i láthair.

12. Dearbhaím go bhfuiltear ag cloí leis na coinníollacha cuí faoi Chód Caiteachais Phoiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

13. Dearbhaím go bhfuarthas aontú i scríbhinn sula ndearnadh aon chaiteachas caipitil a thabhú.

14. Dearbhaím go bhfuil gnáis oibre ar bun maidir le nochtadh cosanta a dhéanamh i gcomhréir le halt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 agus dearbhaím go ndearnadh an Tuarascáil Bhliantúil atá dlite faoi alt 22(1) den Acht sin a fhoilsiú.

15. Admhaím gur gá aontú i scríbhinn a fháil ón Aire sula ndéantar aon diúscairt maidir le talamh/maoin agus, ina leithéid de chás, gur gá déanamh de réir na ngnáis oibre cuí. Dearbhaím nár tharla aon cheannach ná diúscairt ar thalamh ná ar fhoirgnimh i rith na bliana.

16. Dearbhaím go gcloítear leis na Treoirlínte maidir le Breithmheas agus le Bainistíocht i ndáil le Tograí Caiteachais Caipitil agus leis an gCreat Bainistíochta maidir le hOibreacha Caipitil.

17. Dearbhaím nár tharla aon diúscairt sócmhainní ná rochtain a dheonú do mhaoin ná do ghnéithe infreastruchtúir mar gheall ar shocruithe tráchtála leis an treas pháirtí nár tháinig faoi réir ceantála nó próiseas tairiscintí iomaíochta.

18. Dearbhaím go bhfuarthas aontú i scríbhinn sular síníodh aon léas.

19. Dearbhaím gur chomhlíon Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí a leagtar de dhualgas ar an mbord faoi dhlí an chánachais.

20. Dearbhaím go ndearna Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí an chéad Phlean Soláthair Corparáide de chuid an Bhoird a aontú go foirmeálta an 28 Bealtaine 2018. Leagtar amach sa Phlean Soláthair Corparáide na haidhmeanna soláthair atá ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí i ndáil leis an tréimhse ó Aibreán 2018 go mí na Nollag 2019.

21. Luaitear mionsonraí maidir le Neamhchomhlíonadh ar fud Scéime i ndáil le cúrsaí Soláthair sa Ráiteas faoin gCóras maidir le Rialáil Inmheánach atá ina chuid den Dréacht de Ráitis Airgeadais 2018.

22. Dearbhaím go gcloítear le gnéithe uile choinníollacha pholasaí an Rialtais maidir le cúrsaí taistil agus go bhfuil polasaí taistil an BOO á chur i bhfeidhm go hiomlán.

23. ]Dearbhaím gur ghlac an Bord ar an 26 Feabhra 2019 leis an gCód Rialachais leasaithe maidir le Boird Oideachais agus Oiliúna (Ciorclán 0002/2019) agus go bhfuil tús curtha ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí le próiseas forfheidhmiúcháin an Chóid sin.

24. Dearbhaím nach bhfuil, de réir thuairim an Chathaoirligh, aon ábhar ar cheart aird an Aire a dhíriú air.

25. Dearbhaím nár tharla aon díospóid dlí i ndáil le Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí agus aon Chomhlacht eile Stáit i rith na bliana 2018.

26. Dearbhaím nár tharla aon chor nua a bheadh íogair ó thaobh cúrsaí tráchtála de le sé mhí anuas agus nach bhfuil aon chor nua a bheadh íogair ó thaobh cúrsaí tráchtála de á thuar roimh dheireadh na bliana.

27. Dearbhaím go bhfuil bearta ar bun ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí chun cur in aghaidh eachtraí calaoise agus go gcuirfear aon mhíréir, cásanna ina measfaí calaois a bheith ar bun san áireamh, in iúl don Roinn Oideachais agus Scileanna. Dearbhaím nach bhfuil aon eachtra Calaoise le cur in iúl maidir leis an mbliain airgeadais dár críoch an 31 Nollaig 2018.

28. Dearbhaím gur cuireadh gnáis chuí maidir le cosaint agus slánchumhdach leanaí ar bun de réir threoirlínte DoES agus i gcomhréir leis an reachtaíocht a bhaineann le hábhar i ndáil le gach gné de bheartaíocht an BOO.

Síniú: ____________________

*Cathaoirleach*

Dáta: ____________________

BORD OIDEACHAIS
AGUS OILIÚNA CHIARRAÍ

KERRY EDUCATION
AND TRAINING BOARD